

# EORAIP SHLÁN

**TUARASCÁIL  
GHNÍOMHAÍOCHTA  
2022**



**An Banc Eorpach  
Infheistíochta**



**AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA**

# **EORAIP SHLÁN**

**TUARASCÁIL  
GHNÍOMHAÍOCHTA  
2022**



**An Banc Eorpach  
Infheistíochta**

## **Tuarascáil Ghníomhaíochta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, 2022**

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2023.

98-100, boulevard Konrad Adenauer

L-2950 Luxembourg

+352 4379-1

[info@eib.org](mailto:info@eib.org)

[www.eib.org](http://www.eib.org)

[twitter.com/eib](https://twitter.com/eib)

[facebook.com/europeaninvestmentbank](https://facebook.com/europeaninvestmentbank)

[youtube.com/eibtheubank](https://youtube.com/eibtheubank)

Gach ceart ar cosaint.

Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig [publications@eib.org](mailto:publications@eib.org)

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, [www.eib.org](http://www.eib.org)

Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le [info@eib.org](mailto:info@eib.org). Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag [www.eib.org/sign-up](http://www.eib.org/sign-up)

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

## A BHFUIL SA TUARASCÁIL SEO

Is ar éigean a bhí an chuid ba mheasa de ghéarchéim amháin, paindéim COVID-19, curtha dinn nuair a tháinig ceann eile chun cinn ar leac an dorais againn san Eoraip: cogadh. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin tús le géarchéim mhór dhaonnúil a d'fhág na milliúin ban agus leanaí san Úcráin gan an dara rogha ach teitheadh óna mbaile, iad sa tóir ar thearmann in **Eoraip shlán**.

Oscailt súl ab ea an cogadh san Úcráin agus an deireadh searbh a tháinig leis an gcaidreamh leis an Rúis, tír a bhí ar an soláthraí fuinnimh ba mhó don Eoraip. Tá ciall cheannaithe anois ag an Aontas Eorpach faoi na contúirtí dá **shlándaíl fuinnimh** agus na bagairtí ar a **neamhspleáchas** a d'éascair as a róspleáchas ar réimeas eachtrannach le haghaidh tráchtearra a bhí chomh tábhachtach sin.

Tá scamall an chogaidh ar an saol mór ar fud an domhain agus é le brath trí phraghsanna bia atá ag ardú, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le **naisc dhomhanda**.

Ag an am céanna, tá an t-am ag éirí gearreireaballach le hathrú tubaisteach aeráide a choinneáil ó dhoras.

**Cuirtear faoi chaibidil sa tuarascáil seo an chaoi ar thug an Banc Eorpach Infheistíochta aghaidh ar dhúshlán na bliana 2022.** Ón obair atá fós ar bun againn le bailte agus cathracha scriosta a atógáil san Úcráin agus ár dtacaíocht do theifigh, go dtí ár dtiomantas diongbháilte don troid in aghaidh bhagairt dhomhanda an athraithe aeráide. Léirítear sa tuarascáil an chaoi a mbeidh ár dtacaíocht don éifeachtúlacht fuinnimh agus don chumhacht in-athnuaite ina réiteach ar idir riachtanais slándála fuinnimh an Aontais Eorpaigh agus a spriocanna aeráide. Tugtar léargas ar an gcaoi a rachaidh ár dtacaíocht don **nuálaíocht** agus do theicneolaíochtaí ceannródaíocha chun tairbhe d'íomaíochas eacnamaíoch, spriocanna aeráide, agus **neamhspleáchas** na hEorpa. Cuirtear i láthair freisin an méid a rinne ár n-eite forbartha idirnáisiúnta nua, BEI Domhanda, le folláine níos fearr a chur chun cinn ar fud an domhain.

**Cuirtear na hinfeistíochtaí sin i gcomhthéacs sa tuarascáil:** idir an smaointeoireacht straitéiseach is léir san fhocal ónár n-uachtarán agus na sonraí maidir le gníomhaíochtaí tugtha agus fála iasachtaí an Bhainc, chomh maith le súil chun cinn ar an mbliain atá romhainn i mbuaicphointí ár nGrúp-Phlean Oibriúcháin.

Mar institiúid airgeadais atá tiomanta don iltaobhachas agus don chomhpháirtíocht, is é an uaillmhian atá againn ná infheistíocht a dhéanamh san am i láthair d'fhonn an saol a dhéanamh níos fearr san am atá le teacht. Léirítear sa tuarascáil seo cén chaoi ar féidir linn an méid sin a dhéanamh.



# CLÁR NA nÁBHAR

## 3 A BHFUIL SA TUARASCÁIL SEO

## 6 FOCAL ÓN UACHTARÁN

## 8 BUAICPHOINTÍ 2022 SONRAÍ IASACHTAITHE AGUS TIONCHAIR

## 10 AN BEI I DO THÍR IASACHTÚ DE RÉIR TÍRE

## 12 AN BEI AR FUD NA CRUINNE IASACHTÚ TAOBH AMUIGH DEN AONTAS EORPACH

## 14 SLÁNDÁIL FUINNIMH

- 16 AN ÚCRÁIN: AN FÓD A SHEASAMH GO DEIREADH
- 18 AN ÚCRÁIN: NÍL GLACADH LE haON BHRATACH EILE ANSEO
- 19 AN PHOLAINN: RIACHTANAIS NA dTEIFEACH
- 20 ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH: ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH A THÓGÁIL, BRÍCE I nDIAIDH BRÍCE
- 21 TITHÍOCHT SHÓISIALTA ATÁ ÉIFEACHTACH Ó THAOBH FUINNIMH DE: AG TEACHT LEIS AN ZEITGEIST
- 22 FUINNEAMH IN-ATHNUAITE: TUIRBÍNÍ Á dTARRAINGT CHUN FARRAIGE
- 25 FUINNEAMH IN-ATHNUAITE: BORRADH A CHUR FAOIN NUÁLAÍOCHT SA CHUMHACHT GHAOITHE
- 26 HIDRIGIN: AN BEALACH CHUN CINN Ó THAOBH BREOSLA DE
- 27 AN CHIPIR: GLAS AGUS ÁITIÚIL SA CHIPIR
- 28 AN IODÁIL: AN MÍLE GLAS DEIREANACH

## 30 NUÁLAÍOCHT AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

- 32 TALMHAÍOCHT: BIATAIS CHUN GALAR A LEIGHEAS
- 34 TALMHAÍOCHT: CAIPITEAL FIONTAIR DON DINNÉAR, DUINE AR BITH?
- 35 RÓBATAIC: TEACHT I RÉIM NA RÓBAT SEACHADTA
- 36 AN GEILLEAGAR DIGITEACH: CEANNAIRÍ IOT A CHRUTHÚ
- 37 NA hEOLAÍOCHTAÍ BEATHA: DRUGAÍ CHUN AILSE A MHARÚ
- 38 AN GEILLEAGAR DIGITEACH: NÍ DÉNÁRTHA A BHEIDH AN TODHCHAÍ
- 40 INFHEISTIÚ TIONCHAIR: CÉARD BA CHUSPÓIR LEIS AR FAD?
- 42 NA hEOLAÍOCHTAÍ BEATHA: CEALLA CHUN AN NEAMHCHOINNEÁLACHT A LEIGHEAS

## 44 NAISC DHOMHANDA

- 46 AN PHALAISTÍN: AN MICREAMHAOINIÚ A CHOMHOIRIÚNÚ
- 48 AN BHRASAÍL: DLÚS A CHUR LE DEISEANNA DO MHNÁ
- 49 BEININ: CUMHACHT GHRÉINE DON AFRAIC THUAITHE
- 50 AN tSEINEAGÁIL: NÍ COMPORD GO hUISCE REATHA
- 52 AN INDIA: OIBRÍONN NA SÍOLTA SEO
- 54 AN BHANGLAIDÉIS: OSPIDÉIL AR BORD

## 56 BUAICPHOINTÍ IASACHTA

## 58 AN GRÚP-PHLEAN OIBRIÚCHÁIN AGUS CÚRSAÍ RIALACHAIS

# FOCAL ÓN UACHTARÁN

I n 2022, bhí an Banc Eorpach Infheistíochta ina chuid thábhachtach de fhreagairt an Aontais Eorpaigh ar an iliomad dúshlán a tháinig chun cinn le himeacht na bliana, ón ionradh uafásach ar an Úcráin go dtí an ghéarchéim fuinnimh ar spreag an choimhlint í.

Shínigh Grúpa an BEI — an Banc agus a fhochuideachta le haghaidh gnólaachtaí níos lú, an Ciste Eorpach Infheistíochta — luach €72.5 billiún san iomlán de chomhaontuithe maoinithe in 2022. Chuaigh gach uile euro chun inbhuanaitheacht agus teacht aniar a chur chun cinn san Eoraip agus níos faide i gcéin. Chuireamar lenár bhfocal. Sháraíomar ár spriocanna. Rinneamar difear.

Taobh thiar de na huimhreacha ollmhóra, tá fíorathruithe chun feabhais á ndéanamh.

Táimid ag tacú le bithchógais ailse den chéad ghlúin eile sa tSualainn. San Fhionlainn, thugamar tacaíocht d'fhorbairt agus tráchtálú ríomhairí candamacha. Sa Spáinn, táimid ag cabhrú leo ola chócaireachta úsáidte a athrú ina fuinneamh glan agus leas a bhaint as cumhacht na gréine leis an hidrigin ghlas a tháirgeadh. Is iomaí tionscadal dá leithéid atá ann, agus léifidh tú faoi chuid acu sa tuarascáil seo.

## Tionchar a bheith againn agus dul i ngleic le bearnaí infheistíochta

Tá idir bhuiséid rialtais agus bhuiséid infheistíochta corparáidí ídithe de dheasca na géarchéime fuinnimh. Tá sé míthráthúil go leor óir ba cheart dúinn a bheith ag infheistiú tuilleadh d'fhonn dul i ngleic leis an athrú aeráide agus droim láimhe a thabhairt don ola agus don ghás ón Rúis. Tá an baol ann go bhféadfadh bearnaí seasta infheistíochta éirí ní ba mheasa fós. Mura dtéimid i ngleic leo, ní bheidh an Eoraip chomh hiomaíoch céanna ná chomh tarraingteach céanna don earnáil gnó.

Cruthúnas é ar thit amach in 2022 gurb é an dícharbónú an t-aon bhealach ar féidir linn brath air le fuinneamh inacmhainne a fháil do mhuintir na hEorpa. Sin é an fáth a bhfuil ár bhfreagairt láidir chomh suntasach sin. Chuireamar borradh faoinár n-iarrachtaí le tacú le haistriú glas, nuálach.

Léirigh dúmhál na Rúise maidir le soláthairtí gáis go raibh an ceart ag an mBanc Eorpach Infheistíochta éirí as maoiniú a chur fáil le haghaidh bonneagar breosla iontaise agus díriú ar an bhfuinneamh glan. Is léir do gach mac máthar agus iníon athar anois gur ar fhuinneamh níos glaine, níos inbhuanaithe a bheidh an saol bunaithe san am atá le teacht.

Chuaigh an méid maoinithe a chuireamar i dtreo an fhuinnimh ghlain chomh hard le €19.4 billiún in 2022, méid nach bhfacthas riamh cheana. Le cur le slándáil fuinnimh, thacaíomar le huasghrádú ar eangach leictreachais na Seice. Chuireamar dlús le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh le líonra fuinnimh na Polainne. Sa Fhrainc, rinneamar feirmeacha gaoithe ar snámh a mhaoiniú — teicneolaíocht a chuirfidh ar ár gcumas fuinneamh glan a ghiniúint in uisce níos doimhne. Cabhróidh ár gcuid maoinithe le cábla 1 000 ciliméadar a thógáil, a nascfaidh gléasraí cumhachta in-athnuaite sa tSicil agus sa tSairdín le heangach na hIodáile. Lenár bpacáiste tacaíochta do Thionscnamh REPowerEU, cuirfimid €30 billiún sa bhreis d'iasachtaí fuinnimh agus maoiniú cothromais ar fáil do thionscadail ardtionchair fuinnimh as seo go ceann cúig bliana (de bhreis ar ár ngnáthghníomhaíochtaí iasachtaithe). Thacaigh an luach €36.5 billiún d'iasachtú aeráide agus comhshaoil a chuireamar ar fáil in 2022 le luach €147 billiún d'infheistíocht ghlas a spreagadh ó pháirtithe eile. An sprioc atá againn le €1 trilliún a spreagadh ar son ár bpláinéid roimh an mbliain 2030, is beag seans anois nach n-éireoidh linn í a bhaint amach.

## Freagairt láithreach

Is é sin an chaoi a bhfuilimid ag freagairt do dhúshlán fadtéarmach an athraithe aeráide. Éacht mór eile don bhliain 2022 ab ea ár bhfreagairt don bhagairt láithreach tar éis an ionraidh ar an Úcráin. A bhuíochas le tacaíocht ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh, níor thóg sé ach cúpla seachtain orainn cabhair a chur ar fáil do rialtas na hÚcráine. D'eisíocamar €1.7 billiún leis an Úcráin faoi chúinsí an-deacair. Tá €540 milliún eile fós le





**Cruthúnas é ar thit amach in 2022 gurb é an dícharbónú an t-aon bhealach ar féidir linn brath air le fuinneamh inacmhainne a fháil do mhuintir na hEorpa. Sin é an fáth a bhfuil ár bhfreagairt láidir chomh suntasach sin. Chuireamar borradh faoinár n-iarrachtaí le tacú le haistriú glas, nuálach.**

heisíoc againn, agus déanfar amhlaidh de réir mar a dhéanfar dul chun cinn ar na tionscadail féin. Is aidhm linn geilleagar na hÚcráine a choinneáil ag dul ionas go mbeidh an tír féin in ann tacú le cuid mhaith den obair atógála a bheidh de dhíth.

Rinneamar comóradh freisin ar bhunú BEI Domhanda in 2022, an eite ar leith atá againn i gcomhair ghníomhaíochtaí forbartha agus comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh. Ina chéad bhliain oibríochtaí, d'éirigh le BEI Domhanda luach €9.1 billiún de shínte nua tionscadail a fháil — de bhreis ar an maoiniú don Úcráin. I measc na dtionscadal sin bhí gléasraí cumhachta gréine sa Bhrasaíl, tuilleadh tacaíochta do thionscnaimh vacsaínithe ar fud an domhain, agus tionscadal ollmhór le neart uisce glan a thabhairt do mhuintir na hIordáine trí mhaoiniú a chur ar fáil le haghaidh ceann de na gléasraí díshalannaithe is mó ar domhan.

Léiríú iad tionscadail BEI Domhanda ar an gcaoi a gcuirimid beartais agus luachanna an Aontais chun cinn ar fud an domhain. Cothaímid comhpháirtíochtaí nua. Cuirimid comhaontais nua, inbhuanaithe ar bun ar fud an bhaill. Táim bródúil go bhfuil BEI Domhanda ag cur go gníomhach le rathúnas an domhain faoi bhratach an Aontais Eorpaigh.

D'fhreagair an Banc Eorpach Infheistíochta go láidir do bhliain a bhí lán le cora crua. Tá idir theacht aniar agus chruthaitheacht léirithe againn. Ach is maith is eol dúinn go bhfuil neart fós le déanamh againn. Caithfimid ár bhfeidhmíocht a fheabhsú go leanúnach agus bealaí nua, níos fearr a lorg chun ár gcuid oibre a dhéanamh. Cuntas í an tuarascáil seo ar chuid ríthábhachtach den aistear sin.

**Werner Hoyer**

# BUAICPHOINTÍ 2022

## AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA: GNÍOMHAÍOCHT IN 2022

<b>TIONSCADAIL A FAOMHADH</b>	<b>€75.9bn</b>
An tAontas Eorpach	€63.5bn
<b>SÍNITHE</b>	<b>€65.1bn</b>
An tAontas Eorpach	€56bn
<b>EISÍOCAÍOCHTAÍ</b>	<b>€54.3bn</b>
An tAontas Eorpach	€47.4bn
<b>ACMHAINNÍ A TIOMSAÍODH</b>	<b>€44.3bn</b>
(ROIMH BHABHTÁLACHA)	
Príomhairgeadraí (€, \$)	€37.2bn
Airgeadraí eile	€7.1bn

## EIB DOMHANDA: GNÍOMHAÍOCHT IN 2022

<b>TIONSCADAIL A FAOMHADH</b>	<b>€12.4bn</b>
<b>IOMLÁN AN MHAOINITHE</b>	<b>€10.8bn*</b>
<b>EISÍOCAÍOCHTAÍ</b>	<b>€6.6bn</b>

\* Áirítear le hiomlán an mhaoinithe €1.7bn d'iasachtaí a atreoraíodh chuig an Úcráin mar fhreagra ar chogadh na Rúise.

## AN CISTE EORPACH INFHEISTÍOCHTA: GNÍOMHAÍOCHT IN 2022

<b>SÍNITHE</b>	<b>€9.18bn</b>
Cothromas	€4.16bn
Urrúis	€4.91bn
Maoiniú ionchuimsitheach	€0.12bn

Déanann an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI), is cuid de Ghrúpa an BEI, sainchúram den mhaoiniú riosca le tacú le micreaghnóthais agus le gnóthais bheaga agus mheán-mhéide, agus le fás agus nuálaíocht a spreagadh fud fad na hEorpa. Cuireann sé idir mhaoiniú agus saineolas ar fáil i dtaca le hinfheistíochtaí stuama, inbhuanaithe agus oibríochtaí ráthaíochta. I measc scairshealbhóirí an CEI tá an BEI, an Coimisiún Eorpach, bainc phoiblí agus phríobháideacha agus institiúidí airgeadais.

## TIONCHAR AN BEI

**2.4 milliún**  
ha

Talamh talmhaíochta ar feabhsaíodh a bhainistiú

**1.5 milliún**  
ha

Talamh foraoiseachta ar feabhsaíodh a bhainistiú

**6.6 milliún**

Líon na sintiúsóirí breise a bhfuil seirbhísí 5G cumasaithe acu

**192 000**

Áiteanna oideachais a cruthaíodh

**2 milliún**  
MWh/bliain

Coigilteas fuinnimh i dtionscadail

**31 300**  
GWh/bliain

Leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite

**2.4 milliún**

Líon na méadar cliste a suiteáladh

**15 800**  
MW

Acmhainn ghiniúna atá 100% in-athnuaite

**150.4 milliún**

Líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar sheirbhísí feabhsaithe sláinte

**836 milliún**

Líon na ndaoine a fuair vacsaín COVID-19 nó imdhíontaí eile

**86 900**

Líon na dteaghlach i dtithíocht shóisialta inacmhainne

**17 milliún**

Daoine a bhfuil fáil acu ar bhonneagar uirbeach nó réigiúnach nua/uasghrádaithe

**517 milliún**

Líon na dturas breise a rinneadh ar mhodhanna iompair phoiblí

**23 600**

Líon na bhfeithidí nó an rothstoc nua/athchóirithe

**10.8 milliún**

Líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar shláintíocht níos fearr

**25.4 milliún**


Líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar uisce óil sábháilte

**3.1 milliún**


Líon na dteifeach in ionaid fáiltithe nó i saoráidí cóiríochta sealadaí (An Pacáiste Dlúthpháirtíochta leis an Úcráin)

Is éard atá sna figiúirí ná na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ar oibríochtaí maoinithe nua a síníodh den chéad uair in 2022 bunaithe ar na sonraí atá ar fáil i láthair na huaire. Figiúirí neamhniúchta, sealadacha atá sna figiúirí uile.

# GRÚPA AN BEI I DO THÍR



Dá dhorchá an dath is ea is mó an infheistíocht mar chéatadán den OTI.



# GRÚPA AN BEI AR FUD NA CRUINNE

**EILE (LASMUIGH DEN AE)**  
€363 milliún


**COMHARSANACHT  
AN OIRTHIR**  
€362 milliún

**AN ÚCRÁIN\***  
€1.72 billiún

**NA BALCÁIN THIAM  
AGUS AN TUIRC**  
€866 milliún

**AN AFRAIC AGUS  
AN MEÁNOIRTHEAR**  
€5.05 billiún

**MEIRICEÁ LAIDINEACH  
AGUS MUIR CHAIRIB**  
€1.69 billiún



**AN ÁISE**  
**€1.20 billiún**

\* Iasachtaí a atreoraíodh chuig an Úcráin mar fhreagra ar chogadh na Rúise.

Maidir le stádas dlíthiúil aon chríoch, teorainneacha, dathanna, ainmníochtaí nó faisnéise atá léirithe ar an léarscáil seo, ní thacaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta leis, ní ghlacann leis ná ní thugann breithiúnas air.

Tar éis smachtbhannaí an AE i gcoinne an tSiria i mí na Samhna 2011, chuir an BEI gach gníomhaíocht iasachtaithe agus chomhairleach sa tír ar fionraí. Mar sin féin, tá an BEI páirteach i gcoigrúpa deontóirí atá ag déanamh monatóireachta ar an gcás faoi chomhcheannaireacht an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.

# SLÁNDÁIL FUINNIMH

**“** Fágann an ghéarchéim fuinnimh gur gá don Eoraip gníomhú gan a thuilleadh moille le haistriú chuig foinsí malartacha fuinnimh in-athnuaite agus le bheith níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de. Is é an déchuspóir sin bun agus barr REPowerEU agus beidh ról lárnach ag an BEI ina chur chun feidhme. I gcás sheirbhísí comhairleacha an BEI, is éard a chiallaíonn sé sin chomh maith ná teicneolaíochtaí nua a aithint agus a thabhairt chun margaidh, mar aon le cabhrú le rialtais úsáid níos cliste a bhaint as a gcuid acmhainní maoinithe poiblí agus leas a bhaint as tuilleadh infheistíocht phríobháideach nuair is féidir. **”**

**Frank Lee**, ceann na seirbhísí comhairleacha aeráide agus maoinithe shóisialta, an BEI

**“** Ó cuireadh ar bun é, tá an BEI ina phríomhairgeadaí i réimse an bhonneagair chriticiúil fuinnimh. Dearbhú an athuair is ea an cás reatha ar thábhacht straitéiseach an fhuinnimh agus ar cé chomh tábhachtach is a bhíonn sé fáil a bheith agat ar réimse soláthairtí éagsúla. Tá an BEI tar éis dlús a chur lena chuid iasachtaithe do thionscadail fuinnimh — tionscadail a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh, le foinsí in-athnuaite fuinnimh, leis an téamh ceantair agus le líonraí leictreachais a nascadh go himmheánach agus go hidirnáisiúnta — san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain araon. **”**

**Sanjoy Rajan**, ceann na slándála fuinnimh, an BEI



Is ceist slándála é an fuinneamh agus is ceist neamhspleáchais straitéisigh é an dícharbónú. Tháinig athrú ó bhonn ar gheopholaitíocht agus eacnamaíocht an fhuinnimh san Eoraip nuair a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin agus nuair a thosaigh ag úsáid easpórtálacha fuinnimh mar uirlis troda. Is den ríthábhacht astaíochtaí carbóin a laghdú freisin d’fhonn an t-athrú aeráide a mhaolú. Réiteach den scoth ar an dá fhadhb is ea infheistiú san éifeachtúlacht fuinnimh agus sa ghiniúint cumhachta in-athnuaite.

D’fhonn tacú leis an Eoraip aistriú go gasta go fuinneamh glas, táimid ag infheistiú san éifeachtúlacht fuinnimh agus i dtionscadail cumhachta in-athnuaite, agus ag cur nuálaíochta agus teicneolaíochtaí nua chun cinn.

# AN FÓD A SHEASAMH GO DEIREADH

**Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis na céadta tionscadal atá iontach tábhachtach do shaol mhuintir na hÚcráine, é ag íoc amach an airgid faoina gcomhair fiú agus an cogadh ag leanúint ar aghaidh**

**N**uair a mhíníonn Violaine Silvestro von Kameke go mbaineann an príomhchúram atá uirthi le hinfeistiú i mórán cathracha san Úcráin atá faoi scamall an chogaidh, ní haon áibhéil a rá go mbíonn iontas ar dhaoine. “Ceapann daoine gur chuir an cogadh stop lenár gcuid gníomhaíochta san Úcráin,” arsa an t-oifigeach sinsearach iasachta sa Bhanc Eorpach Infheistíochta. “Ach táimid ag íoc amach an-chuid airgid san Úcráin agus ag obair linn ar go leor tionscadail chasta sa tír. Táimid an-ghníomhach.”

D’athlonnaigh an Banc Eorpach Infheistíochta na fostaithe dá chuid a bhí san Úcráin tar éis ionradh na Rúise i mí Feabhra 2022. Ach ag an am céanna mhéadaigh sé go mór a chuid cúnaimh don tír, **a mheasann an rialtas a mbeidh thart ar €765 billiún ag teastáil uaithi as seo go ceann deich mbliana le teacht chuici féin arís tar éis ionradh na Rúise.**

Tá dhá mhórphacáiste maoinithe ceadaithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta don Úcráin ó thosaigh an cogadh: an chéad phacáiste €668 milliún go gairid tar éis bhriseadh amach an chogaidh le cabhrú leis an rialtas íoc as riachtanais phráinneacha; agus an dara pacáiste €1.59 billiún, a síníodh i mí Iúil 2022, le bonneagar damáistithe a dheisiú agus atosú ar thionscadail chriticiúla. Tá beagán níos mó ná €1 bhilliún ón bpacáiste sin íoctha amach cheana.

Áiríodh leis an gcúnamh eile a chuir an BEI ar fáil in 2022 €2.5 milliún de shintíúis ó eite shóisialta agus chultúrtha bhanc an AE, Institiúid an BEI, agus beagnach €18 milliún de dheontais ó Chiste Iontaobhais Cúnaimh Theicniúil Chomhpháirtíocht an Oirthir le haire a thabhairt do thart ar 700 000 duine a theith óna mbaile. Is iad an Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe na tíortha a thugann tacaíocht don chiste.

Ina theannta sin, shínigh an Banc meabhrán leis an Úcráin inar lorgaíodh tuilleadh infheistíochta i gcóras iompair Chív agus d’atreoraigh €59 milliún de dheontais le traenacha agus iarnróid a dheisiú san Úcráin, droichid shealadacha a chur in áit droichid scriosta, agus cúram sláinte agus tithíocht a fheabhsú do dhaoine nach raibh an dara rogha acu ach teitheadh óna mbaile.

## **Tacú le tionscadail amach ó cheantair choimhlinte**

“Ní féidir linn tabhairt faoi thionscadail mhóra náisiúnta anois, mar sin tá ár gcuid oibre dírithe ar thionscadail bheaga agus ar chabhrú le daoine an t-am corrach seo a chur díobh,” arsa Hervé Guenassia, oifigeach sinsearach iasachta eile de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá ag obair ar thionscadail san Úcráin. “Dá ndéanfaimis tionscadal mór, ar nós aerfort a dheisiú, táimid cinnte go scriosfadh an Rúis é.”

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag obair san Úcráin le 15 bliana anuas, agus níos mó ná luach €8 billiún de thionscadail maoinithe aige le himeacht na tréimhse sin. In 2014, tar éis don Rúis seilbh a ghlacadh ar oirthear na hÚcráine agus an Chrimé a ionghabháil, cheadaíomar creatiasacht téarnaimh luath €200 milliún d’fhonn cabhrú le daoine a theith ón gcoimhlint agus leis na bailte siúd a ghlac isteach líon mór teifeach. Tá cuid de na tionscadail ar chabhraigh an iasacht sin leo scriosta anois de dheasca an chogaidh, leabharlann agus ionad teicneolaíochta úrscothach in Mariupol ina measc.

“Beimid ag seasamh an fhóid go deireadh. Rachainn ar ais go dtí an tír an tseachtain seo chugainn chun tosú ag atógáil dá bhféadfainn.”

Roy Draycott, innealtóir sibhialta, an BEI

**“Cuireann sé brón orm go bhfuil roinnt mhaith de na tionscadail sin scriosta anois toisc gur thug an obair an oiread sin dóchais do mhuintir na háite ag an am,”** arsa Roy Draycott, innealtóir sibhialta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a bhí ag obair san oifig i gCív ar feadh sé bliana.

### Comhráite laethúla le méaraí le linn an chogaidh

Fiú le linn na dtréimhsí ba mheasa den choimhlint, bhí Guenassia agus Silvestro von Kameke ag fáil glaonna ó mhéaraí a bhí ag lorg comhairle theicniúil agus cúnamh airgeadais. I mí Lúnasa agus i mí Meán Fómhair 2022, reáchtáil an Banc glao ar thograí um thionscadail a mhaoiniú san Úcráin agus fuarthas thart ar 1 000 iarratas ó chathracha agus ó chuideachtaí príobháideacha. Tá sé beartaithe ag banc an AE níos mó ná 300 de na hiarratais sin a cheadú agus níos mó glaonna ar thograí tionscadail a reáchtáil ag deireadh 2022 agus ag tús 2023.

I measc na dtionscadal a ceadaíodh in 2022 chun cabhrú leis an Úcráin bhí carranna tram nua i gCív agus in Lviv, busanna nua in Lutsk, deisiúcháin ar shaoráidí cúraim sláinte in Odessa agus maoiniú atógála do shaoráidí oideachais agus sóisialta damáistithe i gcathracha ar fud na tíre.

### Bailte dúnta de dheasca droichid scriosta

Tá droichid scriosta ag fórsaí na Rúise ar fud na hÚcráine, agus ag Úcránaigh chomh maith nuair a bhí siad ag iarraidh stop a chur le dul chun cinn na Rúiseach. Tá banc an AE ag déanamh a chion féin le droichid phontúin shealadacha a mhaoiniú fud fad na tíre.

“Uaireanta, má tá droichead scriosta, is tubaiste do bhaile é,” a deir Guenassia. “B’fhéidir nach mbeadh uisce óil agat de bharr go n-iompraítear isteach é de ghnáth. B’fhéidir nach mbeadh daoine in ann dul chuig an ospidéal, ar scoil, chuig an obair, nó ag siopadóireacht fiú.”

Tá sé i gceist ag Draycott, an t-innealtóir sibhialta, filleadh ar a shaol sa tír a luaithe a bheidh an cogadh thart. “Níl an BEI chun an Úcráin a thréigean,” arsa Draycott. “Beimid ag seasamh an fhóid go deireadh. Rachainn ar ais go dtí an tír an tseachtain seo chugainn chun tosú ag atógáil dá bhféadfainn.”



Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag obair san Úcráin le 15 bliana anuas

# NÍL GLACADH LE HAON BHRATACH EILE ANSEO

**Faoi ionsaí fíochmhar ó chuir an Rúis tús leis an ionradh, tá cur síos déanta ag méara amháin san Úcráin ar an gcaoi ar chabhraigh iasachtaí ón Aontas Eorpach le muintir na háite diúltú do na gabháilthe**

**N**uair a thosaigh an t-ionradh ceart, mhaígh ceannairí na Rúise go gcuirfí fáilte rompu in áiteanna áirithe san Úcráin, go háirithe in áiteanna gar don teorainn mar a bhfuil na ceangail chultúrtha, teanga agus eitneacha láidir.

A bhuíochas le daoine ar nós Ivan Fedorov, níor cuireadh fáilte rompu ná baol air.

“An príomhchúram atá orm inniu ná cabhrú le daoine agus dlús a chur le bua na hÚcráine,” arsa Fedorov, 34, an méara is óige a toghadh riamh i Melitopol, cathair beagán ó thuaidh den Chrimé, áit a labhraíonn 90% de mhuintir na háite an Rúisis. Ní raibh moill ar bith ar Fedorov “gabháilthe” a thabhairt ar na Rúisigh, choinnigh sé bratach na hÚcráine ar foluain chomh fada agus ab fhéidir agus spreag ceannairceacht go hoscailte.

Tá Melitopol faoi smacht forghabhála ó thosaigh an cogadh agus tá sé ina chuid de na ceithre réigiún a d’ionghabh an Rúis i mí Mheán Fómhair. Déanann Fedorov craoltaí beo ar na meáin shóisialta go rialta d’fhonn muintir na cathrach a chur ar a suaimhneas agus misneach a thabhairt dóibh. “Níl glacadh le haon bhratach eile anseo,” a dúirt sé i gceann de na hóráidí.

## Grá don chathair agus í a fhorbairt tuilleadh

Tá an saol cruai i Melitopol, a bhí ar cheann de na chéad chathracha a thit. Tá titim thart ar dhá thrían tagtha ar an 150 000 a bhí ina gcónaí sa chathair nuair a bhris an cogadh amach.

Ar an 11 Márta, tháinig saighdiúirí Rúiseacha go hoifig Fedorov, chuir siad mála ar a cheann, agus ghabh siad é. Coinníodh ar feadh seachtaine é, go dtí gur socraíodh babhtáil príosúnach. Níor céasadh go fisiciúil é, ach bhí sé ina shuí in aice le daoine ar ghortaigh ceistitheoirí iad, daoine ar briseadh a lámha ina measc.

Tá aithne mhaith ag oifigigh iasachta agus innealtóirí de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ar Fedorov. Tá an Banc ag cabhrú leis an mbaile agus leis an réigiún mórthimpeall, Zaporizhzhia, ó ionradh na Rúise siar in 2014 trí naíolanna, scoileanna, ionaid leighis agus suíomhanna eile a atógáil i Melitopol. D’fhág blianta fada na gcomhpháirtíochtaí agus na dtionscadal tógála gur i dtreo na hEorpa a bhreathnaigh na daoine nuair a tháinig na Rúisigh.

**“Caighdeán na beatha a fheabhsú, sin atá i gceist anseo,”** a deir Fedorov, nuair a fiafraíodh de cén fáth a n-oibríonn sé leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Faighimid cabhair le cúrsaí gnó, turasóireachta, lóistíochta. Bímid in ann plean atógála a fhorbairt tuilleadh, ní ghlactar leis an éilliú in aon chás agus faigheann daoine an deis chun grá a bheith acu dá gcathair agus í a fhorbairt tuilleadh.”

# RIACHTANAIS NA dTEIFEACH

**Cabhraíonn pacáiste dlúthpháirtíochta an BEI le húdaráis áitiúla sa Pholainn tacú le hóstaigh agus bonneagar a chur in oiriúint do riachtanais na dteifeach**

**A**gus trúpaí na Rúise ag ionradh, theith os cionn 7.5 milliún teifeach ón Úcráin trasna na teorann go dtí an Pholainn. Slógadh na mílte oibrithe deonacha Polannacha le cabhrú leis na daoine díláithrithe agus le fáilte a chur rompu isteach ina dtithe, ina scoileanna agus ina ngnólachtaí.

Anois tá dúshlán nua le sárú ag an bPolainn — na daoine sin a shocrú isteach go fadtéarmach.

“Deich mí tar éis thús an chogaidh, tá riachtanais na dteifeach athraithe,” a deir Grzegorz Gajda, speisialtóir sinsearach earnála uirbí leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, a d’óstáil cúigear teifeach ón Úcráin ina theach féin sa Pholainn. “Tá fostaíocht, ioncam seasmhach, oideachas saor in aisce, agus rochtain saor in aisce ar sheirbhísí sláinte agus poiblí ag teastáil uathu le tús a chur le saol nua sa Pholainn.”

Le cabhrú le himeascadh na dteifeach, cheadaigh banc an AE iasacht €2 bhilliún a síníodh i mí an Mheithimh 2022. Déantar an maoiniú faoin bPacáiste Dlíthpháirtíochta don Úcráin, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach.

## Dul i dtaithe ar fhírinne nua an tsaoil

Tá fáilte curtha ag an bPolainn roimh bhreis agus 1.5 milliún teifeach ón Úcráin ó thús an chogaidh. Bhí an slua a tháinig isteach chomh mór sin go bhfuil méadú 50% tagtha ar dhaoine Rzeszów, an chathair is mó in oirdheisceart na Polainne. Tá méaduithe móra feicthe i Vársá, Kraków agus Gdańsk freisin.

“Nuair a thosóidh an díograis tosaigh ag laghdú agus na hacmhainní ag ídiú, beidh gá le réiteach córasach,” arsa Tomasz Balawajder, abhcóide dlí leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Caithfidh tú a chinntiú go bhfeidhmeoidh an earnáil phoiblí go héifeachtach agus go gcuirfidh sí tacaíocht airgeadais agus sochair shóisialta ar fáil do na pobail óstacha agus do na teifigh.”

## Tacú le hiarrachtaí na Polainne

Teastaíonn am, pleanáil chúramach, bonneagar nua, agus airgead leis na milliúin teifeach a imeascadh.

Sin é an fáth ar bhunaigh rialtas na Polainne an Ciste Cabhrach, arna oibriú ag Bank Gospodarstwa Krajowego (BGK), ní ba lú ná mí tar éis an ionraidh.

Tá €600 milliún íoctha isteach sa Chiste cheana féin ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, an chéad tráinse den €2 bhilliún a leithdháileadh. Dáileann BGK na cistí ar rialtais áitiúla agus ar chomhlachtaí poiblí eile.

“Bhí orainn teacht ar chineál nua comhoibrithe le hacmhainní a ghiniúint le haghaidh réimse leathan gníomhaíochtaí a mbeadh i gceist leo tacú leis na teifigh ón Úcráin agus cabhrú leo mothú amhail is dá mba shaoránaigh Pholannacha iad,” arsa Robert Faliński, stiúrthóir Oifig Bainistíochta an Chiste in BGK.

# ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH A THÓGÁIL, BRÍCE I nDIAIDH BRÍCE

**Tá cathracha agus réigiúin i ngach cearn den Eoraip ag gearradh costas agus astaíochtaí go mór le hinfheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh**

**Ú**sáideann ceithre fhoirgneamh as gach cúig cinn sa Spáinn níos mó fuinnimh ná mar is gá dóibh. Is mian le hiasachtóir morgáiste speisialaithe i Maidrid darb ainm Unión de Créditos Inmobiliarios (UCI) é sin a athrú.

Tá sé mar aidhm ag Clár Athshlánúcháin Fuinnimh Chónaithe UCI úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus an méid iomlán fuinnimh a úsáideann thart ar 3 720 áit chónaithe i Maidrid, Barcelona agus Sevilla a laghdú faoina leath.

“Is é an sprioc atá againn ná éifeachtúlacht fuinnimh sa Spáinn agus sa Phortaingéil a fheabhsú d’úinéirí tí agus d’úinéirí foirgnimh,” arsa Cátia de Almeida Alves, stiúrthóir inbhuanaitheachta agus freagrachta corparáidí UCI.

Cé go bhfuil an t-athchóiriú árasán ríthábhachtach le hastaíochtaí agus úsáid fuinnimh a laghdú, is é fírinne an scéil gur beag tionscadal a fhaigheann maoiniú. “Léirigh suirbhé a rinne rialtas na Spáinne nach bhfaigheann ach 2.3% dá leithéid de thionscadail athchóirithe maoiniú ó bhanc,” arsa Isidoro Tapia, oifigeach iasachta leis an BEI. “Mar sin, is sciar den mhargadh é an t-athchóiriú arna dhéanamh ag cumainn úinéirí tí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air faoi láthair ag earnáil an mhaoinithe tríú páirtí.”

Tá UCI ag iarraidh an bhearna mhaoinithe sin a líonadh le €2.6 milliún ón tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh (ELENA), tionscnamh de chuid BEI-AE a chuireann cúnamh teicniúil ar fáil maidir le hinfheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh agus san fhuinneamh in-athnuaite i bhfoirgnimh agus i gcórais iompair uirbigh.

## **Foirgnimh phoiblí a athchóiriú sa Vallúin**

Tá idir an t-athrú aeráide agus na praghsanna arda fuinnimh ag cur brú ar fhorbróirí éifeachtúlacht fuinnimh a fhí isteach sa dearadh, sa tógáil agus sna hábhair thógála a úsáidtear.

Tá tionscadal darb ainm RenoWatt curtha ar bun ag B.E. FIN, gnólacht atá faoi úinéireacht Réigiún na Vallúine sa Bheilg agus Société Régionale d'Investissement de Wallonie (SRIW), chun athchóiriú foirgneamh poiblí a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar fud na Vallúine, chomh maith le comhairle a thabhairt. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal, a bhfuil deontas €3.5 milliún faighte aige ó ELENA, 500 foirgneamh a athchóiriú i 262 bardas agus thart ar 35% den fhuinneamh atá á úsáid faoi láthair a shábháil. D’fhéadfadh sé go sábhálfaí 7 545 tonna carbóin in aghaidh na bliana mar thoradh air.

## **Seanphíopaí teasa a tharraingt amach sa Liotuáin**

I Vilnias, tá seanphíopaí teasa ón gcéad seo caite acu, a ligeann d’aer te sileadh amach agus a chuireann leis an mbaol go dtarlódh eachtra, amhail sceitheadh agus cur isteach ar an téamh i dtithe daoine.

Tá saoráid chreidmheasa fhadtéarmach €43 milliún á chur ar fáil ag an BEI do Vilniaus Šilumos Tinklai, an chuideachta a sholáthraíonn teas agus uisce te do Vilnias, faoi chomhair na n-oibreacha nuachóirithe.

Sna pleananna freisin tá gléasra cumhachta nua a ritheann ar bhithmhais agus ar fhuinneamh gréine, chomh maith le teaschaidéal ionsúcháin éifeachtúil a shuiteáil. Tríd is tríd, déanfaidh an tionscadal an bonneagar teasa a nuashonrú do 200 000 teach, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin agus truaileáin a laghdú.

# AG TEACHT LEIS AN ZEITGEIST

**Tacaíocht ó InvestEU do thionscadal tithíochta sóisialta atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de in Hannover ag dul i ngleic leis an gcostas maireachtála atá ag ardú agus leis an easpa tithíochta inacmhainne**

**T**oisic go bhfuil ardú chomh mór sin tagtha ar na praghsanna fuinnimh agus bia ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá méadú faoi dhó tagtha ar chéatadán na dteaghlach Gearmánach a chaitheann níos mó ná 10% dá nglanioncam ar bhillí fuinnimh ó 2021, go 41%. Nuair a chuirtear sa mheá go bhfuil ganntanas árasán nua ann agus go bhfuil na cíosa ag ardú chomh maith, tá an inacmhainneacht tithíochta anois ar an dara cloch is mó ar phaidrín na nGearmánach in aimsir ghéarchéim an chostais maireachtála.

An plean atá ag an gcathair thuaidh Hannover le 640 árasán inacmhainne nua a bheidh tíosach ar fhuinneamh a thógáil lena ligean ar cíós, tá sé ag teacht leis an Zeitgeist, áit a bhfuil go leor imní faoin athrú aeráide chomh maith. 232 aonad tithíochta sóisialta agus 408 aonad tithíochta inacmhainne a bheidh sna hárasáin nua, agus is é hanova, comhlacht tithíochta bardasach na cathrach, a thógfaidh iad agus a choinneoidh faoina úinéireacht iad.

“Fágann an chaoi a bhfuil geilleagar Hannover ag fás gur ceantar tarraingteach í an chathair,” a deir Karsten Klaus, príomhfheidhmeannach hanova. “Mar gheall go bhfuil líon na n-áitritheoirí ag dul i méid go tapa agus de bharr na ngéarchéimeanna atá ann faoi láthair, tá an t-éileamh ar thithíocht inacmhainne ag dul i méid freisin. Tá sí sin gann, áfach. Cabhraimid le tithíocht mhaith, inacmhainne a chruthú do dhaoine ar ioncam íseal agus ar meánioncaim, rud a laghdaíonn éagthroime i margadh tithíochta na cathrach.”

## Freagairt éifeachtach

Déanfar 82% de na foirgnimh nua a dhearadh le feidhmíocht fuinnimh a bhaint amach atá 20% ar a laghad níos fearr ná caighdeán na Gearmáine maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de (KfW 55). Déanfar an chuid eile a dhearadh le feidhmíocht fuinnimh a bhaint amach atá 10% ar a laghad níos fearr ná an caighdeán sin. Tá an tionscadal ag teacht freisin leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.

Cé go gciallóidh tithe nua atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de go mbeidh na billí fuinnimh níos ísle do thionóntaí amach anseo agus go mbeidh na hastaíochtaí carbóin níos ísle, cosnaíonn siad an-chuid le tógáil. Meastar go gcosnóidh tionscadal hanova thart ar €200 milliún. Fágann na buntáistí sóisialta agus comhshaoil go léir atá ag baint leis, áfach, go bhfuil sé ar an gcineál tionscadail ar aidhm leis an Banc Eorpach Infheistíochta tacú leis.

“Bhí fonn orainn a bheith páirteach sa tionscadal seo toisc gur léir go dtacaíonn sé le dhá sprioc bheartais thábhachtacha de chuid an Aontais Eorpaigh — an t-ionchuimsiú sóisialta agus an gníomhú ar son na haeráide,” arsa Sotir Trambev, oifigeach iasachta le banc an AE. “Ag baint leas as InvestEU, d’éirigh linn pacáiste a chur i dtoll chéile a théann i bhfad níos faide ná aon rud eile a rinneamar san earnáil seo roimhe seo.”

Tá an margadh ar an gcéad infheistíocht sa Ghearmáin faoi Chlár InvestEU. “Ní bheadh pacáiste mar seo indéanta gan é,” arsa Trambev.

# TUIRBÍNÍ Á dTARRAINGT CHUN FARRAIGE

## Calafort i ndeisceart na Fraince tar éis tabhairt faoi fhorbairt ollmhór le tacú le dhá fheirm ghaoithe ar snámh sa Mheánmhuir

**R**udaí móra millteacha iad tuirbíní gaoithe, a mbíonn na céadta tonaí meáchain iontu. Ar thalamh, éiríonn siad ón tírdhreach in airde. Ach samhlaigh iarracht a dhéanamh ceann a chur le chéile i gcalafort traidisiúnta, agus tuirbín atá 100 méadar ar fhad agus lanna atá 90 méadar ar fhad a aistriú chuig ardán ar snámh — agus ansin an rud ar fad a tharraingt go réidh amach chuig feirm ghaoithe i lár na farraige.

Teastaíonn athchóiriú iomlán ar bhonneagar poirt chun bheith in ann tuirbíní gaoithe a bhogadh thart, ach ceapann Port-la-Nouvelle go bhfuil sé in ann aige. Bhíodh an calafort, atá gar do Montpellier i ndeisceart na Fraince, ag plé go traidisiúnta le gránach agus easpórtálacha talmhaíochta eile chuig an Afraic Thuaidh. Anois, tá réigiún Occitania chun €340 milliún a infheistiú, €150 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta san áireamh, chun calafoirt a athchóiriú in Sète agus in Port-la-Nouvelle. Is é fíis na bpleananna go n-athrófaí Port-la-Nouvelle ina mhol sa Mheánmhuir i gcomhair oibríochtaí tógála, lóistíochta agus tacaíochta le haghaidh feirmeacha gaoithe ar snámh amach ón gcósta. Ar deireadh, táirgfidh an mol hidrigin ghlas ón bhfuinneamh glan a ghinfidh na feirmeacha gaoithe.

“Tá próiseas tionsclaíoch agus bonneagar de dhíth atá an-difriúil lena ndéanaimid de ghnáth,” a deir Didier Codorniou, stiúrthóir gnóthaí muirí do réigiún Occitania na Fraince.

### Spás a dhéanamh do na fathaigh

Tá aistriú Port-la-Nouvelle ina chuid de straitéis uailmhianach fuinnimh in-athnuaite atá leagtha amach ag réigiún Occitania. Tá súil ag an réigiún tairbhe a bhaint as forbairt dhá fheirm ghaoithe amach ón gcósta atá beartaithe sa Mheánmhuir, a mheastar a gclúdóidh a dtáirgeadh riachtanais fuinnimh 400 000 duine. Dar le Occitania, áit a bhfuil ceann de na rátaí dífhostaíochta is airde sa Fhrainc, is deis é an fuinneamh in-athnuaite le fuinneamh a chur ina gheilleagar, atá bunaithe go traidisiúnta ar an talmhaíocht, ar an turasóireacht agus, níos faide isteach ón gcósta, ar an aeraspás.

“Tacaíonn an bonneagar nua leis na hiarrachtaí le gníomhaíochtaí calafoirt níos glaise a fhorbairt agus táirgeadh fuinnimh a dhícharbónú. Mar sin, is céim eile chun cinn é i dtreo ár sprice leis an neodracht charbóin a bhaint amach ag leibhéal na hEorpa,” arsa Shirley Moussavou, an t-oifigeach iasachta leis an BEI atá ag plé le Tionscadal Port-la-Nouvelle. “Tá feirmeacha gaoithe ar snámh amach ón gcósta chun tosaigh i gclár aistrithe fuinnimh na Fraince freisin.”

Chomh maith le Port-la-Nouvelle a mhaoiniú, tá an BEI ag tacú le feirmeacha gaoithe píolótacha - ceann amach ón gcósta ó Leucate-Le Barcarès, a bheidh á oibriú ag Les Éoliennes Flottantes du Golfe du Lion, agus ceann eile gar do Gruissan, a bheidh á oibriú ag EolMed. Shínigh an Banc iasacht €85 milliún le EolMed i mí Aibreáin agus iasacht €75 milliún le Les Éoliennes Flottantes i mí na Bealtaine. Tá an dá iasacht urraithe ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. Tá an Banc chun €50 milliún a chur ar fáil do pháirc eile amach ón gcósta freisin, atá beartaithe 40 ciliméadar siar ó Marseille.



Tá Port-la-Nouvelle níos lú ná 20 ciliméadar ó na páirceanna a bheidh á n-oibriú ag Les Éoliennes Flottantes agus ag EolMed. Laghdaíonn an t-achar réasúnta gearr idir an calafort agus na feirmeacha gaoithe na rioscaí a bhaineann leis na struchtúir ollmhóra a iompar ar muir.

Cuimsíonn Occitania an ceantar timpeall Toulouse, síos go dtí an Spáinn agus anonn go Montpellier, agus tá cáil ar an réigiún as a dhea-aimsir. Ach tá cáil air freisin as an ngaoth aniar aduaidh a shéideann ó dheisceart na Fraince isteach i Murascaill an Leoin, áit a mbeidh na feirmeacha gaoithe suite.

Cé go mbeidh na gaotha sin go maith chun cumhacht a ghiniúint, ní bheidh siad go maith agus tú ag iarraidh tuirbín 600 tona a choinneáil seasmhach ar phontún 90x90 méadar. Le bheith in ann na tuirbíní a chur le chéile ar na pontúin, caithfidh príomhbháisín an chalafoirt a bheith cosanta ar thonnta arda agus a dhóthain spáis a bheith ann chun na tuirbíní a láimhsiú. Teastaíonn dugaí móra lódála freisin chun na comhpháirteanna a stocáil le haghaidh tuirbíní gaoithe, lanna agus pontún. “Is í an stóráil bun agus barr an scéil,” a deir Julien Ciglar, bainisteoir tionscadail um an bhfuinneamh in-athnuaite mara le Gníomhaireacht Réigiúnach Forbartha Eacnamaíche Occitania.

### Cruacheist lóistíochta

Is iondúil go ndéantar tuirbíní gaoithe, lanna agus píosaí bonneagair eile a iompar ar muir ó mhonarchana ar fud na hEorpa. Tá Vestas ar cheann de na príomhsholáthraithe tuirbíní gaoithe do na feirmeacha píolótacha agus is sa Danmhairg atá a phríomhláithreán táirgthe. Toisc go mbeidh na rudaí sin á n-iompar isteach ar muir, caithfear béal an chalafoirt a leathnú le bheith in ann do longa idir 100 agus 200 méadar ar fhad.

Le freastail ar riachtanais na bhfeirmeacha gaoithe, tá méadú agus athchóiriú beartaithe ag an gcalafort, rud a mbeidh i gceist leis ardán 250 méadar a thógáil a bheidh láidir a dhóthain le haghaidh crainn tógála throma, na cladáin thart ar an gcalafort a shíneadh leis an mbáisín a dhéanamh níos doimhne, agus críochfort breise a thógáil ina bhféadfar na tuirbíní gaoithe a chur le chéile agus saoráidí stórála a chur ar fáil. Táthar ag súil go gcríochnófar an chéad chéim den tionscadal tógála in 2023.

### Uaillmhianta in-athnuaite

Sular fógraíodh na feirmeacha gaoithe píolótacha, bhí Port-la-Nouvelle ag streachailt le beocht a chur ann féin arís. Bhí gnó ag dul i léig. Bhí meath ag teacht ar easpórtálacha gránaigh, a bhí ar phríomhghnó an chalafoirt tráth, agus ní raibh an bonneagar ag an gcalafort le freastal ar na longa móra a iompraíonn hidreacarbóin ar nós breoslaí iontaise agus ceimiceán.

Níl ach tionscal teoranta sa réigiún máguaird in oirthear na bPiréiní agus tá an ráta dífhostaíochta gar do 10%. Dar le Codorniou, is deis é casadh an chalafoirt i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite chun “geilleagar an cheantair a athbheochan.” “Thug sé deis dúinn ár múnla a athrú ó bhonn,” a deir sé, “agus is bealach é freisin le dícharbónú agus poist a chruthú sa réigiún ag an am céanna.”

Meastar go gcruthóidh na tionscadail phiolótacha seo thart ar 300 post lánaimseartha. Tá pleananna móra ag rialtas na Fraince le haghaidh na gaoithe amach ón gcósta, áfach. Tá dhá fheirm phiolótacha, trí thuirbín gaoithe an ceann, sna pleananna tosaigh. Tá sé beartaithe ag rialtas na Fraince cur leis na feirmeacha faoi 2030, áfach, agus páirc ghaoithe ar snámh 250 MW a chruthú i lár Mhurascaill an Leoin, rud a bheidh in ann fuinneamh a chur ar fáil do níos mó ná 400 000 duine sa deireadh. Tá páirc ghaoithe eile den chineál céanna beartaithe amach ó chósta Marseille.

“Tá an réigiún meáite ar Port-la-Nouvelle a dhéanamh ina chalafort aistrithe fuinnimh, ní hamháin don Fhrainc, ach don Mheánmhuir ar fad,” a deir Ciglar.

### Casadh i dtreo na hidrigine glaise

Tá an bonneagar agus an tacaíocht a chuirfidh Port-la-Nouvelle ar fáil do na feirmeacha gaoithe ina gcuid de mhórstraitéis réigiúnach chun mol fuinnimh in-athnuaite a chruthú. Tá cuibhreannas darb ainm Wind’Occ tar éis 170 gnólacht agus 25 institiúid agus saotharlann acadúil ón réigiún a thabhairt le chéile chun tacú leis an tionscal cumhachta gaoithe atá ag teacht chun cinn.

Tá an réigiún ag díriú ar an hidrigin ghlas chomh maith. In 2019, comhaontaíodh Plean Hidrigine Glaise ar fiú €150 milliún é, ina shamhlaítear go gcruthófaí an bonneagar chun hidrigin a tháirgeadh, a stóráil agus a dháileadh, agus an fuinneamh a úsáid chun seirbhísí áitiúla iompair a chumhachtú, cosúil le busanna agus traenacha. Forbróidh tionscadal gaolmhar, Corridor H2, líonra stáisiún dáileacháin hidrigine in Occitania le taobh an bhóthair a théann ón Meánmhuir go dtí an Mhuir Thuaidh. Tá an EIB chun €40 milliún a thabhairt ar iasacht do Thionscadal Corridor H2.

“D’fhéadfadh an réigiún a léiriú d’áiteanna eile sa Fhrainc cén chaoi na cineálacha gníomhaíochtaí seo a fhorbairt,” arsa José Rino, saineolaí sa Rannóg Iompair Aeir, Mhuirí agus Nuálaigh ag an BEI.

**“ Tá an réigiún meáite ar Port-la-Nouvelle a dhéanamh ina chalafort aistrithe fuinnimh, ní hamháin don Fhrainc, ach don Mheánmhuir ar fad. ”**

Julien Ciglar, bainisteoir tionscadail um an bhfuinneamh in-athnuaite mara le Gníomhaireacht Réigiúnach Forbartha Eacnamaíche Occitania

# BORRADH A CHUR FAOIN NUÁLAÍOCHT SA CHUMHACHT GHAOITHE

## Brú ar phraghsanna agus timpeallachtaí deacra ag cur ar dhéantóirí tuirbíní nuáil a dhéanamh

I gcás déantúsóirí tuirbíní gaoithe amhail Vestas, is féidir leis an timpeallacht mhargaidh ina n-oibríonn siad a bheith chomh dian céanna leis na farraigí garbha agus na gaotha arda a chaithfidh a gcuid táirgí a sheasamh. Tar éis a bheith ag fáil tacaíocht phoiblí leis na blianta, tá an tionscal ag comhdhlúthú mar fhreagairt ar an mbrú atá ar phraghsanna.

Tagann cuid den bhrú sin ó fhorbróirí feirme gaoithe toisc gur minic a gheallann siad praghsanna ísle ar an leictreachas a tháirgfidh a bhfeirmeacha gaoithe. Cuireann siadsan brú ansin ar na déantóirí tuirbíní. Tinneas cinn eile is ea an chaoi a bhfuil praghsanna amhábh ar ag ardú chomh maith.

Ag an am céanna, déanann déantóirí tuirbíní infheistiú ollmhór i dtaighde agus i bhforbairt d'fhonn feidhmíocht a gcuid trealaimh a fheabhsú agus freastal ar an éileamh ar pháirceanna gaoithe nua i dtimpeallachtaí atá ag éirí níos deacra i gcónaí.

“Tá an tionscal faoi bhrú mór ó thaobh praghsanna de,” dar le Matteo Fusari, innealtóir sinsearach agus príomhchomhairleoir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, atá ag cur maoiniú ar fáil do Vestas. “Tá sé thar a bheith tábhachtach do dhéantóirí trealaimh san Eoraip gach leas a bhaint as sineirgí idir ardáin táirgí, castacht táirgí a laghdú agus táirgeadh domhanda, próisis soláthair agus loirg a bharrfheabhsú chun a n-iomaíochas a chinntiú.”

Tá an comhlacht Danmhargach Vestas chun tosaigh i margadh na dtuirbíní gaoithe ar fud an domhain, agus thart ar 15% den mhargadh acu. Go dlúth ar a shála, áfach, tá comhlachtaí ollmhóra ar nós Xinjiang Goldwind Science & Technology sa tSín, a bhfuil 13% den mhargadh acu, agus GE Renewable Energy, a bhfuil 12% acu. “Tá Vestas ar thús cadhnaíochta,” a deir Delia Fornade, oifigeach iasachta leis an BEI a d'oibrigh ar an tionscadal.

Tá €475 milliún tugtha ar iasacht ag an BEI do Vestas d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta a dhéanfar san Aontas Eorpach idir 2022 agus 2025. Tá an iasacht, a síníodh i mí Iúil, íoctha amach cheana féin, agus clúdóidh sí thart ar leath den bhuiséad €952 milliún atá ag an gcomhlacht le haghaidh taighde agus forbartha sa tréimhse sin.

Beidh an tionscadal dírithe ar roinnt réimsí ar leith. An chéad cheann de na réimsí sin ná moil rótar agus lanna nua a fhorbairt, a bheidh in ann aeráidí fuara nó fíor-dhrochaimsir a sheasamh, chomh maith le táirgí a shimpliú d'fhonn dlús a chur lena rolladh amach. Is é an dara ceann ná dearáí nua d'ardáin chomhroinnte agus mhodúlacha le haghaidh tuirbíní gaoithe ar tír sa chaoi gurbh fhearr a bheidís in ann dálaí éagsúla a sheasamh. Tá an tríú réimse dírithe ar ardáin mhodúlacha nua le haghaidh tuirbíní gaoithe amach ón gcósta d'fhonn cur ar chumas na cuideachta leas a bhaint as sineirgí agus as barainneachtaí scála a bheidh ann de bharr an dul chun cinn atá déanta ar a gcuid táirgí amach ón gcósta.

Tá an iasacht á tabhairt do Vestas ag am cinniúnach in aistriú fuinnimh na hEorpa. Tá mian na hEorpa le deireadh a chur lena spleáchas ar ola agus gás ón Rúis tar éis tacaíocht a spreagadh arís eile don fhuinneamh in-athnuaite, amhail an chumhacht ghréine agus an chumhacht ghaoithe, a bhfuil a bpraghsanna ag éirí níos iomaíche i gcónaí.

# AN BEALACH CHUN CINN Ó THAOBH BREOSLA DE

**Fágann umair stórála agus teicneolaíochtaí uathoibrithe nua de chuid cuideachta Fhrancach go mbeidh sé níos éasca do charranna agus trucaílí rith ar hidrigin**

**S**oláthraí mór comhpháirteanna cairr is ea Faurecia áta lonnaithe gar do Pháras agus a chreideann go bhféadfadh an hidrigin ghlas freastal ar bheagnach 20% d'éileamh fuinnimh an domhain faoi 2050, rud a chuirfeadh deireadh a bheag nó a mhór le sé ghigeathonna d'astaíochtaí carbóin gach bliain. Faoi mbliain 2030, measann sé go mbeidh 5 mhilliún feithicil feistithe le teicneolaíocht na gceall breosla ar na bóithre cheana féin.

Tá Faurecia ar thús cadhnaíochta i réimse na n-umar stórála hidrigine le haghaidh carranna, trucaílí agus stáisiúin mhóra bhreosla. Tá sé mar aidhm aige cabhrú le tionscal na mótarfheithicilí tosú ar an hidrigin a úsáid níos gasta. Tá an cuideachta ag obair chomh maith ar chórais breosla-chille hidrigine agus ag forbairt teicneolaíocht i gcomhair tiomáint uathoibrithe. Cumasóidh na nuálaíochtaí sin go léir úsáid na hidrigine in go leor cineálacha feithicilí, ach go háirithe i bhfeithicilí tromshaothair agus easbhóthair a mbíonn innill ardchumhachta iontu a ídíonn a lán breosla iontaise.

“Beidh ról ríthábhachtach ag teicneolaíochtaí ceannródaíocha amhail an hidrigin i dtionscal na mótarfheithicilí a athrú ó bhonn agus a dhícharbónú,” arsa Antonello Locci, comhairleoir do thionscadail nuálaíochta agus ard-déantúsaíochta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Is é an t-iompar an táirgeoir is mó astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas Eorpach, agus é taobh thiar de thart ar 31% den iomlán. Trí aer agus hidrigin a chur le chéile, is féidir le breosla-chealla hidrigine an leictreachas ar fad a theastaíonn ó feithicil a tháirgeadh. Níos fearr fós, ní chuireann na breosla-chealla ach teas agus uisce amach, ní dé-ocsaíd charbóin ná truailléin eile.

Tá buntáistí eile ag baint le breosla-chealla thar innill dócháin chomh maith. Is cumhachtaí agus is tíosáí ar fhuinneamh iad ná breoslaí iontaise, bíonn siad ciúin agus ní bhíonn an oiread céanna ama ag teastáil le hiad a luchtú, rud a fhágann go bhfuil siad chomh solúbtha le carranna a bhfuil inneall traidisiúnta iontu.

D'fhonn cabhrú le tionscal na mótarfheithicilí athrú ó bhonn, cheadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €315 milliún do Faurecia i mí Iúil 2022. Tá an maoiniú sin ina chuid de chlár InvestEU, atá deartha chun borradh a chur faoi nuálaíocht agus tuilleadh post a chruthú. “Laghdaíonn InvestEU an riosca, rud a fhágann gur féidir iasachtaí fadtéarmacha níos mó a thairiscint do chuideachtaí i bpríomhchodanna den gheilleagar,” arsa Nor Mebkhout, oifigeach iasachta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Le tacaíocht ón mbanc, leanfaidh Faurecia orthu ag forbairt na chéad ghlúine eile d'umair stórála hidrigine a bheidh le húsáid i bhfeithicilí agus ag stáisiúin bhreosla. Feabhsóidh sé uathriail agus in-athchúrsáilteacht a gcuid táirgí freisin.

Cruthófar poist mar thoradh ar thionscadal Faurecia chomh maith agus cuideoidh sé le háiteanna in oirthear agus i dtuaisceart láir na Fraince a bheith níos iomaíche ó thaobh an gheilleagair de.

# GLAS AGUS ÁITIÚIL SA CHIPIR

## Tionscadal athghiniúna uirbí arb aidhm leis cathracha agus bailte bardais a dhéanamh níos glaise, borradh a chur faoin ngeilleagar agus saol daoine a fheabhsú

**T**á an Chipir ag iarraidh a cuid astaíochtaí a laghdú agus a bheith níos glaise, ag tosú le tionscadail chun cathracha agus bailte na tíre a athrú ó bhonn. Tasc fada, casta, costasach é, áfach.

“Caithfidh cathracha agus bailte bardais roinnt infheistíochtaí glasa a chur i bhfeidhm agus teicneolaíochtaí níos glaise a thabhairt isteach,” arsa Michalis Socratous, ardrúnaí Aontas Bardas na Cipire. “Le rudaí a dhéanamh níos glaise, thuigear go raibh orainn ceantair uirbeacha a uasghrádú agus a athstruchtúrú, foirgnimh agus spásanna poiblí a athchóiriú, agus iompar poiblí a dhéanamh níos inbhuanaithe ar dtús.”

Tionscnamh é an Plean Straitéiseach Bardasach um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhfuil sé mar aidhm aige é sin a dhéanamh. Bhunaigh rialtas na Cipire agus Aontas Bardas na Cipire é le maoiniú a chur ar fáil do roinnt mhaith tionscadal d’fhonn cathracha agus bailte bardais a athghiniúint agus a athshlánú ó cheann ceann na Cipire.

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis an bplean le creatiasacht €150 milliún a síníodh i mí na Samhna, mar aon le cúnamh teicniúil trína Mhol Comhairleach.

“Is éard is creatiasacht ann go bunúsach ná ‘brat-infheistíocht’ a chuireann ar ár gcumas na deicheanna nó fiú na céadta tionscadal tábhachtach a mhaoiniú,” arsa Nicos Yiambides, oifigeach sinsearach iasachta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Tugann sé an deis dúinn freisin tacú le tionscadail agus le cathracha agus bailte bardais níos lú nach mbainfeadh tairbhe as ár maoiniú go traidisiúnta.”

### Cé na buntáistí a bhaineann leis an athghiniúint uirbeach?

Má dhéantar i gceart é, is féidir leis an athghiniúint uirbeach spásanna uirbeacha níos glaise a chruthú agus saol na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn sa chathair a fheabhsú go mór.

Fágann infreastruchtúr feabhsaithe go mbíonn ceantair uirbeacha níos tarraingtí do ghnólachtaí agus do thurasóirí araon, rud a chuireann le fás agus a chruthaíonn poist. Cuireann sé le folláine na gcónaitheoirí chomh maith, a bhaineann leas as oideachas, seirbhísí poiblí agus saoráidí áineasa níos fearr.

Breathnaímis ar athghiniúint uirbeach lár stairiúil Limassol, an dara cathair is mó sa Chipir. Mar chuid den tionscadal a críochnaíodh in 2013, rinneadh foirgnimh stairiúla agus spásanna uirbeacha a chur ar ais mar a bhí an lá ab fhearr iad, feabhsaíodh bainistíocht tráchta, cruthaíodh criosanna do choisithe, agus tógadh naisc nua leictreachais, theileachumarsáide agus uisce.

Tá sé mar aidhm ag an bPlean Straitéiseach Bardasach um Fhorbairt Inbhuanaithe an rud céanna a dhéanamh ar bhonn náisiúnta. Le tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta, cuirfidh rialtas na Cipire tionscadail i bhfeidhm a dhéanfaidh spásanna poiblí agus glasa a atógáil, raonta rothar agus líonraí iompair phoiblí a fheabhsú, foirgnimh phoiblí a athchóiriú, na líonraí séarachais agus uisce a uasghrádú, agus limistéir uirbeacha dhíghrádaithe a athghiniúint, chomh maith le réitigh dhigiteacha a úsáid chun cathracha cliste a chruthú agus, ar an gcaoi sin, seirbhísí poiblí níos fearr agus níos éifeachtaí a chur ar fáil.

# AN MÍLE GLAS DEIREANACH

## Flít astaíochtaí nialasacha curtha in ionad feithiclí traidisiúnta seachadta poist agus beartán ag an oibreoir lóistíochta is mó san Iodáil

**T** Tá sé ag teannadh le deireadh an fhómhair ach tá an t-aer glan te go fóill sa Róimh. Tá an ghrian ag scairteadh trí na scamail, í ag soilsiú anuas ar na tithe ar dhath terracotta atá ar shráid chúng i gceantar cónaithe Bravetta. Tá cúpla trírothach leictreach, atá ar aon mhéid a bheag nó a mhór le bugaí gailf, ag cabhrú go ciúin le baill foirne litreacha agus beartáin a sheachadadh ar fud na háite.

Is gearr go mbeidh na céadta trírothach leictreach agus feithiclí leictreacha eile ag dul anonn agus anall in 12 cheantar sa Róimh. Beidh 57 díobh sin lonnaithe in ionad dáileacháin Magliolino, a fhreastalaíonn ar Shráid Nomentano, áit a bhfuil cónaí ar Anna Manghetti. “Is iontach an rud é na trírothaigh nua seo a fheiceáil ag déanamh ár seachadtaí laethúla,” a deir sí, “táim sásta a bheith ag obair ar son na cúise.”

Tá Manghetti i gceannas ar an rannóg airgeadais in Poste Italiane, an t-oibreoir lóistíochta is mó sa tír agus dream mór le rá san earnáil airgeadais, árachais agus seirbhísí íocaíochta, leis. A bhuíochas le hiasacht €100 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta i mí an Mhárta, bhí Poste Italiane in ann trírothaigh agus feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in ionad feithiclí traidisiúnta breosla agus peitрил dá chuid.

“Mar bhanc aeráide an AE, táimid bródúil go bhfuilimid ag tacú le plean uailmhianach dícharbónaithe Poste Italiane,” a deir Giovanni Aldeghi, an t-oifigeach sinsearach de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d’oibrigh ar **an bpacáiste maoinithe is mó riamh atá curtha ar fáil ag banc an AE d’ardán soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha.**

### Cé chomh glas is atá ár mbeartán?

Is é an chuid is deacra d’aistear an bheartáin ón stór go leac an dorais ná “an míle deireanach”, mar a thugtar air, is é sin an chéim dheiridh den phróiseas seachadta ón ionad dáileacháin go dtí an faighteoir.

Tá na hastaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil iompair imithe in olcas ó tháinig borradh faoin tsiopadóireacht ar líne mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tá idir chathracha agus chuideachtaí lóistíochta ag streachailt le turais neamhriachtanacha seachadta, brú tráchta agus deacrachtaí páirceála ó shin, gan trácht ar an imní atá ar mhuintir na háite faoi thruailliú torainn agus aeir.

Dá mbeadh an míle deireanach níos éifeachtaí agus níos glaise, bheadh cathracha níos sláintiúla agus bheadh sé ní b’éasca cónaí iontu. Rith smaoinemh le Manghetti i samhradh 2020.

Tá Tionscadal Soghluaisteachta Glaise Poste Italiane faoi mhaoirseacht ag an bPríomhfheidhmeannach Matteo Del Fante agus ag an bhfoireann atá ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Airgeadais Camillo Greco le tacaíocht Giuseppe Lasco, comhbhainisteoir ginearálta, agus Marcello Grosso, ceann na rannóige forbartha inbhuanaithe, riosca agus comhlíonta grúpa.

Is éard atá i gceist leis an Tionscadal Soghluaisteachta Glaise ná 4 150 feithicil leictreach a chur in ionad fheithiclí traidisiúnta breosla agus peitрил na cuideachta agus iad a úsáid ansin i gcomhair seachadtaí i gcathracha agus sna ceantair máguaird. Áirítear leis freisin na stáisiúin luchtaithe agus an t-ardán TF gaolmhar, ar chostas iomlán €145 milliún.

## // Seo an chaoi a mbeidh sé amach anseo. //

Tiago Lopes, innealtóir sinsearach, an BEI

### Maoiniú ar leith

Tá roinnt gnéithe ar leith i gceist leis an iasacht a thug banc an AE do Poste Italiane. Ar an gcéad dul síos, clúdaíonn sí na táillí cíosa as athnuachan an fhlít leictirigh, chomh maith le suiteáil na bpointí luchtaithe agus an ardáin TF ghaolmhair. Ina theannta sin, déanann sí táillí léasaithe an fhlít leictirigh a mhaoiniú, a dtugtar cuntas orthu sna sócmhainní mar chearta úsáide.

Le cabhrú le Poste Italiane dlús a chur lena aistriú glas tá an Banc ag maoiniú 69% den tionscadal freisin, méid atá i bhfad níos airde ná an ghnáth-uasteorainn mhaoinithe 50% atá ag an mBanc.

Plean uailmhianach é: na hastaíochtaí a tháirgeann an flít seachadta poist a laghdú 40%. Is í an neodracht ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2030 an sprioc dheiridh, roimh an spriocdháta atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach.

### Níos mó ná feithiclí leictreacha

Amhail lár mhí Dheireadh Fómhair 2022, tá 1 100 feithicil leictreach ag seachadadh poist cheana féin i 70 cathair agus baile san Iodáil, Torino, Flórans, Trieste, Bologna, Napoli agus, ar ndóigh, an Róimh ina measc.

Is ó fhoinsí in-athnuaite a thagann an leictreachas a úsáidtear leis na feithiclí seo a luchtú. Laghdóidh an tionscadal truailliú aeir, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus torann i gcathracha, agus sábhálfaidh 3 000 tonna d'astaíochtaí carbóin gach uile bhliain. Is ionann é sin agus meán-astaíochtaí 3 000 paisinéir ar eitiltí fillte ó Pháras go Nua-Eabhrac.

Lena thionchar comhshaoil a laghdú tuilleadh, bainfidh Poste leas as an maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta le tacú lena ardán TF. Is samhail nuálach é, a chuireann barr feabhais ar bhealach an oibrí poist de réir méid poist, achair, cineál bóthair, srianta tráchta agus méid beartán. Cuireann an phleanáil bealaí san áireamh raon na bhfeithiclí leictreacha agus na háiteanna a bhfuil fáil ar stáisiúin luchtaithe.

“Cibé acu a éireoidh leis an tionscadal seo nó nach n-éireoidh, braithfidh sé ar a bheith in ann brí a bhaint i bhfíor-am as cuid mhór sonraí,” a deir Tiago Lopes, innealtóir sinsearach de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh ar an tionscadal seo. “Seo an chaoi a mbeidh sé amach anseo.”

# NUÁLAÍOCHT AGUS NEAMHSPLÉÁCHAS

“ Tá an BEI bródúil as maoiniú catalaíoch a chur ar fáil ar son na nuálaíochta san Eoraip, rud a chothaíonn córais sláinte atá neamhspleách, athléimneach agus slán do shaoránaigh na hEorpa agus a thacaíonn ag an am céanna le seoda biteicneolaíochta agus teicneolaíochta leighis na hEorpa. Neartaíodh an seasamh sin in 2021 le linn phaindéim an choróinvíris siar, tráth ar chuir an BEI luach breis is €1.6 billiún de mhaoiniú ar fáil le haghaidh tionscadail eolaíochtaí beatha, BioNTech ina measc, an dream a d’fhorbair an vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19. Cabhraíonn ár gcuid oibre freisin le dlús a chur le tráchtálú taighde bhunúsaigh, forbairt maoine intleachtúla a bhrú chun cinn agus tacú le cruthú agus fás táirgí nuálacha le haghaidh riachtanais neamh-chomhlíonta leighis, táirgí a fheabhsaíonn caighdeán an tsaoil d’othair san Eoraip agus ar fud an domhain. ”

**Dana Burduja**, ceann rannóg eolaíochtaí na beatha agus na sláinte, an BEI

“ Má tá neamhspleáchas eacnamaíoch ag teastáil ón Eoraip, beidh uirthi infheistíocht ollmhór a dhéanamh sa nuálaíocht agus sna príomhtheicneolaíochtaí i gcomhair dhigitiú an gheilleagair, sliseanna, ionaid sonraí agus an chibearshlándáil go háirithe. Ní féidir an digitiú a sheachaint. Tiocfaidh sé níos luaithe ná mar a bhí coinne leis agus rachaidh i bhfeidhm ort níos mó ná mar a bhí tú ag ceapadh. Ach beidh ort infheistíocht a dhéanamh chun an stoirm a chur tharat. ”

**Harald Gruber**, ceann na rannóige bonneagair dhigítigh, an BEI



## NUÁLAÍOCHT AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Tá an nuálaíocht thar a bheith tábhachtach do rathúnas eacnamaíoch, neamhspleáchas agus spriocanna aeráide na hEorpa, rudaí nach féidir aghaidh a thabhairt orthu le teicneolaíochtaí an lae inniu amháin.

Chabhraigh ár dtacaíocht airgeadais agus theicniúil le comhlachtaí Eorpacha fionnachtana a dhéanamh i neart réimsí, ó fheirmeacha gaoithe ar snámh go vacsaíní mRNA. Fágann sé nach gá d'fhiontraithe, eolaithe ná innealtóirí Eorpacha dul sa tóir ar chaipiteal eachtrach chomh minic sin, agus cuirtear lenár neamhspleáchas in earnálacha straitéiseacha dá bharr.

# BIATAIS CHUN GALAR A LEIGHEAS

**Tá gnólacht de chuid na Fraince ag pórú plandaí ar féidir leo seasamh in aghaidh an athraithe aeráide agus a mbíonn níos lú lotnaidicídí agus leasacháin de dhíth uathu**

Is feithidicíd iad neoinicítionóidigh a úsáidtear le plandaí amhail biatais siúcra a chosaint ar ghalair a scaipeann aifidí, agus nuair a bheartaigh an tAontas Eorpach cosc a chur orthu siar in 2018 glacadh leis gur smaoineamh maith é. Fuarthas amach go ndéanann an fheithidicíd dochar do bheacha, agus rinne an tAontas Eorpach cinneadh cosc a chur ar neoinicítionóidigh mar chuid de bhrú ginearálta i dtreo modhanna talmhaíochta níos inbhuanaithe.

Ach d'éirigh leis an mbuíochán slad a dhéanamh ar na biatais siúcra de dheasca an choisc, rud a laghdaigh go suntasach an barr biatas i gceann de na tíortha is mó táirgeadh siúcra ó bhiatais ar domhan agus a chuir an tionscal ar fad i mbaol. Mar thoradh air sin, chuir an Fhrainc an cosc siar go dtí 2023.

Ní mórán ama é sin. Is gnách go dtógann sé idir seacht agus deich mbliana le cineálacha nua plandaí a fhorbairt. Tá Grúpa Florimond Desprez, póraitheoir plandaí agus táirgeoir síolta i dtuaisceart na Fraince, ag luí isteach ar an obair. Tá an comhlacht ag pórú biatais siúcra le beagnach 200 bliain anuas, agus tá siad ag baint leas as an taithí dhomhain sin le planda a fhorbairt a bheidh in ann seasamh in aghaidh an bhuíocháin, ach gan cur isteach ar a fhrithsheasmhacht nádúrtha i gcoinne galair eile, ar nós víreas rhizomania.

Is rás é a mbeidh impleachtaí i gceist leis do phlandaí agus do réimsí eile talmhaíochta.

“Chun go mbeidh an talmhaíocht níos inbhuanaithe, ní mór dúinn níos lú leasacháin nítrigine a úsáid, a bhfuil lorg suntasach carbóin ag baint leo, agus níos lú lotnaidicídí chomh maith,” arsa Marin Desprez, stiúrthóir straitéise grúpa le Grúpa Florimond Desprez. “Má tá cineál planda frithsheasmhach in aghaidh galair nó fulangach ina leith ó nádúr, ní theastaíonn ceimiceáin chun é a chosaint.”

Tá earnáil na talmhaíochta faoi bhrú mar gheall ar an athrú aeráide; ní mór di a lorg comhshaoil a laghdú ach tuilleadh bia a chur ar fáil ag an am céanna do dhaonra domhanda atá ag dul i méid. Beidh tábhacht nach beag ag baint le pórú plandaí a dteastaíonn níos lú acmhainní nó cóireálacha ceimiceacha uathu, ach a tháirgfidh go leor bia fós cé go mbeidh na dálaí ag dul in olcas.

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú le taighde agus forbairt Florimond Desprez, sa Fhrainc agus sa Bheilg go príomha, le hiasacht €40 milliún a síníodh i mí Aibreáin. Tá an iasacht urraithe ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, atá anois ina chuid de Chiste InvestEU.

“Tá an-chuid infheistíochta de dhíth ar an earnáil, agus níl fáil éasca ar mhaoiniú, go háirithe nuair nach comhlacht mór thú,” arsa Zeina Chebli, an t-oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a bhí ag plé leis an tionscadal.



An Ciste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha

# NUÁLAÍOCHT AGUS NEAMHSPLEÁCHAS



**Má tá cineál planda frithsheasmhach in aghaidh galair nó fulangach ina leith ó nádúr, ní theastaíonn ceimiceáin chun é a chosaint. //**

Marin Desprez, stiúrthóir straitéise grúpa le Grúpa Florimond Desprez

## Plandaí á bpóru leis na céadta blianta

Is gnólacht teaghlaigh tipiciúil é Florimond Desprez. Chuir muintir Desprez an fiontar ar bun sa bhliain 1830 – cúig ghlúin siar – in Cappelle-en-Pévèle, sráidbhaile atá beagán ó dheas ó Lille. Bhain siad tairbhe as tionscal biatas siúcra a raibh borradh ag teacht faoi tar éis do Napoleon Bonaparte tacú leis. Ionas nach mbeidís ag brath go hiomlán ar an mbiatas siúcra amháin, chuaigh an comhlacht le bairr eile ar nós an tsiocaire thionsclaíoch, an phráta agus na cruithneachta le himeacht na mblianta.

“Tríd an iasacht, cabhraímid leo fanacht iomaíoch, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin chomhshaoil atá le sárú ag an earnáil talmhaíochta — oiriúnú don athrú aeráide, cuir i gcás — agus tacú le ceantair thuaithe, i dtuaisceart na Fraince go háirithe,” arsa Sébastien Collot, innealtóir sinsearach atá ar fhoireann bithghéilleagair an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

Tá an póru plandaí measartha simplí. Tóg cineál cruithneachta a dhéanann arán iontach blasta nó briosc, mar shampla, déantar é a chrospóru le cineál eile atá frithsheasmhach in aghaidh galar. Déanann taighdeoirí an chéad cineál a chrospailniú leis an gcineál eile de láimh le hibrid a chruthú. Déantar sliocht na hibride a phlandáil ansin agus coinnítear faoi bhreathnú iad lena fháil amach an bhfuil na tréithe atá ag teastáil — arán blasta agus frithsheasmhach in aghaidh galar — le brath sna plandaí nua.

## An talmhaíocht faoi bhrú

Le 50 bliain anuas, tá ag éirí leis an earnáil talmhaíochta coinneáil suas leis an mborradh atá tagtha faoi dhaonra an domhain. Ach caithfidh sí a bheith níos nuálaí má tá sí chun bheith in ann freastal ar an éileamh ar bhia amach anseo. “Tá meascán fachtóirí againn: níos lú talún ar fáil ar an Domhan, níos mó daoine agus dálaí aeráide atá ag éirí níos measa i gcónaí,” arsa Collot, ball foirne de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. “Mar sin, is tábhachtach an rud é an taighde.”

Tá an taighde rithabhachtach freisin le déileáil le lotnaidí agus plánna nach bhfeictear de ghnáth i dtuaisceart na hEorpa. Tháinig feirmeoirí ar an gcaoch rua ar chruithneacht i réigiún Champagne na Fraince anuraidh, galar nár aimsíodh ach i Maracó ar feadh 20 nó 30 bliain. Feithidí a d’fhaigheadh bás sa gheimhreadh, bíonn siad ag teacht slán agus ag iolrú anois, de dheasca an athraithe aeráide go pointe áirithe. “Is mór na tionchair ó thaobh barr de,” arsa Desprez. “Mór i dtéarmaí galair nua agus an tráma a bhaintear de na feirmeoirí, agus cuireann siad slándáil ár soláthair bia i mbaol, leis”

Toisc an oiread sin brú a bheith ar an talmhaíocht, bheadh sé nádúrtha a bheith buartha faoina bhfuil i ndán don saol mór. Ach deir Desprez gur iomaí deis ollmhór a bheidh le tapú de bharr an fhócais nua ar nuálaíocht agus ar fhorbairt cineálacha plandaí. “Maidir lenár ngairm, a bhfuil fíorfhóntas sóisialta ag baint léi, tá mé cinnte go dtacóidh sí le cineál níos inbhuanaithe talmhaíochta agus le neamhspleáchas bia níos fearr san Eoraip,” a deir sé.

# CAIPITEAL FIONTAIR DON DINNÉAR, DUINE AR BITH?

## Domhan ocrach a bheathú le caipiteal fiontair

Cuireann seadáin as do bheostoc. Le cur ina gcoinne, caithfidh feirmeoirí samplaí faecais a sheoladh chuig saotharlann agus fanacht suas le cúig lá ar na torthaí. Níos minice ná a mhalairt, ámh, tugann siad dáileog mhór cógais don tréad ar fad. “D’fhéadfadh ró-úsáid cógais cur isteach ar an slabhra bia freisin,” a deir Daniel Izquierdo, stiúrthóir bainistíochta agus comhbhunaitheoir Micron Agritech. “Beidh a dtéann isteach san ainmhí ar ár bpláta luath nó mall.”

I gcomhar lena chuid comh-mhac léinn in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, d’fhorbair Izquierdo réiteach meaisínfhoghlama a ligeann don fheirmeoir féin mearthástálacha a dhéanamh le trealamh speisialta agus fón cliste.

Bhuaigh an fhoireann roinnt duaiseanna agus duaisairgid as an tionscadal agus, mar sin, bhí siad réidh in 2019 lena gcuideachta féin a bhunú taobh amuigh den ollscoil. Fuair siad infheistíocht chothromais ó The Yield Lab Europe, gnólacht caipitil fiontair atá tacaithe ag an gCiste Eorpach Infheistíochta, rud a chabhraigh leo an chéad chéim eile a ghlacadh. “Chabhraigh siad le forbairt ár dtáirgí agus tá ag éirí linn inniu a bhuíochas leosan,” arsa Izquierdo.

Sampla amháin é Micron Agritech den chaoi a bhfuil caipiteal fiontair ag cuidiú le nuálaíocht a thabhairt chun na hearnála talmhaíochta, rud a bhí géarghá leis. Meastar go mbainfidh daonra an domhain buaic 10.4 billiún amach i gceann thart ar 60 bliain, ach ní bheidh sé éasca na daoine sin go léir a bheathú ar phláinéad atá faoi bhrú cheana féin. Tá caipiteal fiontair a thacaíonn le nuálaíocht agus le teicneolaíochtaí nua ríthábhachtach lena chinntiú go mbeidh a ndóthain le hithe ag na glúnta atá le teacht, agus sin é an fáth a ndéanann an Ciste Eorpach Infheistíochta infheistíocht i gcistí amhail The Yield Lab Europe.

“Nuair a dhéanaimid infheistiú i gcistí a mbainistíonn gnólachtaí caipitil fiontair agus cothromais phríobháidigh iad, is féidir linn na hacmhainní a chuirimid ar fáil don mhargadh a mhéadú,” arsa Adelaide Cracco, ceann na rannóige aeráide agus tionchair comhshaoil leis an gCiste Eorpach Infheistíochta. “Nuair a théimid i gcomhar le hinfheisteoirí ar an gcaoi seo, meallann gach euro a infheistimid ceithre euro ó infheisteoirí eile.”

### Chomh nuálach le beach

Ar ghnólacht teicneolaíochta talmhaíochta nuathionscanta eile atá tacaithe ag an gCiste Eorpach Infheistíochta tá ApisProtect, cuideachta i gCorcaigh, Éire, a bhfuil córas nuálach forbartha aige le cabhrú le beachairí táirgiúlacht a mhéadú agus costais a laghdú.

Baineann ApisProtect úsáid as meascán d’Idirlíon na nEarraí agus teicneolaíocht na hintleachta saorga le sonraí a bhailiú ó choirceoga ó chian agus brí a bhaint astu.

Cuireann infheistíochtaí caipitil fiontair an nuálaíocht chun cinn i gcéimeanna luatha na forbartha, go díreach mar a chuir i gcás Micron Agritech agus ApisProtect. “D’fhéadfadh nuálaíochtaí mar seo tionscail iomlána a athrú ó bhonn chun feabhais,” dar le Cracco, a oibríonn don Choiste Eorpach Infheistíochta, “agus táirgí agus teicneolaíochtaí nua a chruthú a mbeidh géarghá leo amach anseo agus a bheidh tionchar ollmhór acu.”

# TEACHT I RÉIM NA RÓBAT SEACHADTA

**Tá an comhlacht róbataice Starship Technologies ag cur cruth nua ar ár nósanna siopadóireachta agus seachadta, rud atá ag tabhairt an nuálaíocht ghlas chun earnáil na soghluaisteachta uirbí**

**S**amhlaigh é seo: tá tú tagtha abhaile ón obair agus ocras millteanach ort. Socraíonn tú greim bia a ordú ar líne agus fanacht go dtiocfaidh sé. Ach nuair a osclaíonn tú an doras tar éis fógra seachadta a fháil, níl duine seachadta ann ach róbát beag bán atá ar aon mhéid a bheag nó a mhór le ciseán siopadóireachta.

B'fhéidir go gceapfá go bhfuil tú ag léamh ficsean eolaíochta, ach tá a leithéid de sheirbhísí ann do go leor tomhaltóirí san Eastóin, san Fhionlainn, sa Danmhairg, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe cheana féin.

Taobh thiar den nuálaíocht sin tá Starship Technologies, cuideachta a chuir comhbhunaitheoir agus príomhailtire Skype, Ahti Heinla agus Janus Friis, ar bun san Eastóin in 2014. Ó shin i leith, tá os cionn 3.5 milliún seachadadh tráchtála curtha i gcrích ag an gcuideachta, agus achar níos mó ná 7 milliún ciliméadar clúdaithe ar fud an domhain, níos mó ná ceann ar bith dá iomaitheoirí.

### Róbait seachadta ón todhchaí

Chuirfeadh róbait Starship R2-D2 i gcuimhne duit seachas Terminator, ach ná lig dá ghleoi atá siad dallamullóg a chur ort – ní haon ribín réidh iad. Cuireann 12 cheamara agus sé roth ar chumas na róbát dul suas ar cholbhaí, rudaí a sheachaint, bogadh amach as bealach coisithe in aice láimhe, agus constaicí a bhrath fiú amháin, carranna atá ag bogadh suas le 300 méadar ar shiúl, cuir i gcás.

Is féidir leo seachadtaí a dhéanamh níos cliste, leis. Óir go bhfuil siad leictreach agus go bhfaigheann siad eolas an bhealaigh ó mheascán de bhraiteoirí, an intleacht shaorga agus an mheaisínfhoghlaim, is féidir leo na bealaí is giorra, is sábháilte a dhéanamh amach, rud a laghdaíonn go mór am agus lorg carbóin na seachadtaí. “Úsáidtear an méid céanna fuinnimh le meánseachadadh Starship a dhéanamh agus a úsáidtear leis an gciteal a fhiuchadh le haghaidh cupán tae,” a deir Henry Harris-Burland, leasuachtarán margaíochta le Starship.

### Réitigh níos glaise, níos nuálaí ar a mbealach chugat

Is foinse mhór thruaillithe é an t-iompar lasta in go leor cathracha, ach is féidir le róbait seachadta Starship brú tráchta agus astaíochtaí díobhálacha a laghdú sa mhíle deireanach. “Is féidir le gach róbát deich gcarr a bhaint den bhóthar ar an meán,” arsa Harris-Burland. “Léirigh staidéar, a rinne Comhairle Milton Keynes sa Ríocht Aontaithe le déanaí, go raibh ní ba mhó ná 280 000 turas cairr seachanta de bharr ár róbát. Is ionann é sin agus 137 tonna de CO<sub>2</sub> agus 22 kg d’astaíochtaí ocsaíde nítriúla a sheachaint.”

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis an gcuideachta le hiasacht fiontair chuasachothromais €50 milliún, a síníodh i mí Eanáir 2022. Tá an maoiniú seo, atá tacaithe ag gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha, ina chuid den tSaoráid Mhaoinithe um Fhás Eorpach, táirge a dearadh chun dul i ngleic leis an easpa caipitil fiontair do ghnólaicthe nuathionscanta nuálacha san Eoraip.

# CEANNAIRÍ IoT A CHRUTHÚ

## Dhá chomhlacht Eorpacha ag athrú Idirlíon na nEarraí (IoT) ó bhonn le seirbhísí tógála digití nuálacha

Is féidir le teicneolaíocht Idirlíon na nEarraí (IoT) an chaoi a mairimid, a dtiomáinimid, a ndéanaimid táirgí agus a bhfaighimid cúram sláinte a athrú ó bhonn agus a bharrfheabhsú. Is féidir léi ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú chomh maith. Nuair a chuirtear sa mheá go bhfuiltear ag súil go mbeidh os cionn 41 billiún gléas IoT in úsáid faoi 2025, is léir gur cuid ríthábhachtach den chlaochlú digiteach é Idirlíon na nEarraí agus teicneolaíocht a mbraithfidh neamhspleáchas digiteach na hEorpa uirthi.

Curtha ar bun in Kraków na Polainne, is cuideachta IoT é Kontakt Micro-Location (nó Kontakt.io mar is fearr aithne air) a úsáideann teicneolaíocht Bluetooth chun córais suímh faoi dhíon a athrú as éadan. “Bhí cuideachtaí eile ag tairiscint réitigh chostasacha leis na blianta, réitigh a bhí róchasta agus monailiteach,” a deir Philipp von Gilsa, príomhfheidhmeannach Kontakt.io. “Déanaimid gléasanna cliste IoT, néalréitigh agus bogearraí cumhachtacha atá in ann foirgnimh a athrú ina dtimpeallachtaí inbhuanaithe faoi dhíon.”

### Idirghníomhaíochtaí a chruthú idir daoine, rudaí agus foirgnimh

Úsáideann Kontakt.io an intleacht shaorga, braiteoirí agus teicneolaíochtaí néil le fí isteach i Wi-Fi foirgnimh agus ciseal meiteashonraí nua a chruthú le haghaidh foirgnimh chliste.

Le feidhmchláir shuíomh-eolacha Kontakt.io, is féidir le haltra an trealamh liachta sláintithe is gaire atá ar fáil a aithint agus is féidir le bainisteoirí spás agus fuinneamh a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí in oifigí.

“Cabhraíonn ár dtáirgí le tomhaltas cumhachta foirgnimh a bharrfheabhsú,” a deir Łukasz Szelejewski, príomhoifigeach teicneolaíochta Kontakt.io. “Caithfear tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear na foirgnimh i ndáiríre le bonn sonraí a thógáil, rud a chuireann ar ár gcumas ansin tomhaltas teasa, aerála agus aerchóirithe foirgnimh a íoslaghdú agus, dá réir sin, na costais fuinnimh a laghdú suas le 35%.”

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú le Kontakt.io le €12 mhilliún, a síníodh i mí Feabhra 2022, tríd an gCiste Ráthaíochta Eorpach, saoráid a dearadh le cabhrú le gnólachtaí Eorpacha tionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19 a chur díobh. Gnólachtaí teicneolaíochta óga ba mhó a bhain leas as, gnólachtaí a mbeadh orthu dul i dtuilleamaí na Stát Aontaithe nó na Síne le maoiniú a fháil murach sin.

### Táirgí IoT a dhéantar sa Liotuáin

Cuideachta eile IoT a bhfuil tacaíocht faighte aici ón mBanc Eorpach Infheistíochta is ea Grúpa Teltonika IoT Group, a dhéanann líonraí nuálacha gan sreang agus trealamh, amhail rianairí feithicle, GPS agus móideim.

“Thosaíomar mar chuideachta an-bheag sa Liotuáin siar in 1998, gan tuiscint a bheith againn ar an gcrá croí a bhí i ndán dúinn,” a deir Arvydas Paukštys, bunaitheoir agus uachtarán Ghrúpa Teltonika IoT. “Anois, díolaimid ár gcuid táirgí IoT uathúla, a dhéantar sa Liotuáin, i mbreis is 160 tír.”

Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta margadh €50 milliún chun tacú le Teltonika i mí na Bealtaine 2022, é tacaithe ag urrús ó bhuiséad an AE faoin gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha.

# DRUGAÍ CHUN AILSE A MHARÚ

## Drugaí úrnua forbartha ag cuideachta sa Pholainn le troid in aghaidh na hailse fola agus siadaí soladacha le teiripí spriocdhírithe

**C**ineál tromchúiseach ailse fola is ea an ghéarleoiceime mhialóideach. Is galar réasúnta neamhchoitianta í, agus tagann thart ar 20 000 cás nua chun cinn in aghaidh na bliana san Eoraip agus an líon céanna sna Stáit Aontaithe. Tá sí an-ionsaitheach mar sin féin, agus i gcás othair fhásta, is lú a ráta marthanais ná na cineálacha eile ailse fola go léir.

Tá drugaí úrnua forbartha ag Ryvu Therapeutics, cuideachta bhiteicneolaíochta Pholannach, a d'fhéadfadh dóchas nua a thabhairt d'othair a bhfuil an ghéarleoiceime mhialóideach orthu, mar aon le cineálacha eile ailse a mbaineann baol báis leo.

"Uirlis iontach cumhachtach é an corp," a deir Krzysztof Brzozka, príomhoifigeach eolaíochta Ryvu. "Bhí cealla ailseacha inár gcorp againn go léir, ach is ar éigean a thugamar faoi deara iad toisc gur éirigh lenár gcóras imdhíonachta fáil réidh leis na cealla siada sin. Scaití, áfach, tá na cealla sin chomh hionsaitheach nó chomh himdhíon-sochtach sin go bhfeicimid na siadaí, agus feicimid iad ag scaipeadh mar ghalar ailse."

### Móilíní beaga a bhfuil cumas mór iontu

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta chun **€22 milliún de mhaoiniú fiachais fiontair** a thabhairt do Ryvu chun tacú le taighde agus trialacha cliniciúla na cuideachta.

D'fhorbair Ryvu modh chun móilíní a aithint agus a optamú go tapa le meicníochtaí éagsúla gníomhaíochta atá curtha in oiriúint do chineálacha éagsúla ailse agus cur chuige cóireála. Tá dhá dhruaga iarrthóra acu faoi láthair a bhfuil trialacha cliniciúla ar bun ina leith: SEL24 agus RVU120, is coscairí cionáise a chuireann cosc ar phróisis chille is cúis le fás ailse.

Tá tástáil á déanamh ar an dá dhruaga iarrthóra lena mheas cé chomh héifeachtach is atá siad i gcomhair cóir leighis a chur ar ailse fola. Tá RVU120 á thástáil freisin maidir le siadaí soladacha, ar nós na hailse cíche nó na hailse próstataigh. Is mar chapsúil a thagann na drugaí seo agus is féidir iad a thógáil sa bhaile — buntáiste nach beag d'othair a mbíonn orthu dul chuig an ospidéal, dul faoi aistriúcháin ceall fola, troid in aghaidh ionfhabhtuithe athfhillteacha, agus pian agus tuirse a fhulaingt go minic.

### Cistí ón AE faoi chomhair taighde ceannródaíoch sa Pholainn

Tá maoiniú fiachais fiontair an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta urraithe ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. "Táimid an-tógtha lena gcuid sonraí píblíne go dtí seo," a deir Cristina Niculescu, speisialtóir sinsearach sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Is cosúil go bhfuil an-ghealladh faoina straitéis."

Ach, bíonn ardriosca ag gabháil le tionscadail bhiteicneolaíochta toisc nach féidir talamh slán a dhéanamh de thorthaí na dtrialacha cliniciúla. "Gan an t-urrús ón gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, ní bheimis in ann an tionscadal seo a mhaoiniú," arsa Anna Stodolkiewicz, oifigeach infheistíochta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Ó 2015 i leith, tá thart ar €1 bhilliún infheistithe ag an BEI i dtionscadail taighde le hailse a chóireáil, galar a mharaíonn 10 milliún duine ar fud an domhain gach bliain. "B'fhéidir go dteipfidh ar a lán tionscadal, agus b'fhéidir go gcaillimid airgead a d'fhéadfaí a úsáid le mórbhealach nua a thógáil áit éigin," a deir Niculescu. "Ach má éiríonn le ceann amháin acu fiú, athrófar saol na milliún daoine."

# NÍ DÉNÁRTHA A BHEIDH AN TODHCHAÍ

**Tá comhlacht Fionlannach tar éis an córas dénártha a fhágáil ina dhiaidh chun ríomhairí candamacha a thógáil, a chuirfidh dlús faoi dhul chun cinn na heolaíochta agus a fheabhsóidh saol gach duine**

Is dócha go dtugann na focail “ríomhaire candamach” scannáin ficsin eolaíochta Hollywood chun cuimhne, mar a n-úsáidtear an teicneolaíocht seo chun an t-am a lúbadh agus cathracha todhchaíocha a chumhachtú. Ach tá ríomhairí candamacha san fhíorshaol, leis. Creideann saineolaithe go bhféadfaidís an saol mór a athrú, teicneolaíochtaí todhchaíocha a chruthú, agus aislingí ficsin eolaíochta a fhíorú.

Tá an comhlacht Fionlannach IQM Quantum Computers chun tosaigh i ré nua na ríomhaireachta candamaí. “Is muidne an chéad saoráid mhonaraithe san Eoraip nach bhfuil dírithe ach ar an ríomhaireacht chandamach amháin,” a deir Juha Vartiainen, comhbhunaitheoir agus príomhoifigeach oibriúcháin IQM. “D’fhéadfadh ár bpróiseálaithe agus ríomhairí candamacha cuid mhaith earnálacha a athrú ó bhonn, idir fhorbairt drugaí agus vacsaíní agus an chibearshlándáil, chomh maith le nuálaíocht thábhachtach a spreagadh i réimsí teicneolaíochta a bhaineann leis an aeráid.”

Glactar leis gurb í an ríomhaireacht chandamach an chéad scéal mór eile sa teicneolaíocht, agus tá saineolaithe ag meas go mbeidh luach \$770 milliún sa mhargadh faoi 2025. Sin é an fáth go bhfuil an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú le IQM le hiasacht €35 milliún, a síníodh i mí Feabhra 2022, tríd an gCiste Ráthaíochta Eorpach.

## Ach céard is ríomhairí candamacha ann?

Sa bhliain 1981, mhol Richard Feynman, fisiceoir a raibh fíis aige, go mbeadh sé de chumas ag ríomhaire candamach ionsamhlúcháin a dhéanamh ar chórais fhisiciúla nach bhféadfadh gnáthríomhaire a dhéanamh ná baol air. Ar an drochuair, ní raibh a fhios ag aon duine cén chaoi a bhféadfaí a leithéid de ríomhaire a thógáil an uair sin.

Seacht mbliana déag ina dhiaidh sin, chruthaigh Isaac L. Chuang, Neil Gershenfeld agus Mark Kubinec go raibh sé indéanta go deimhin nuair a d’fhorbair siad an chéad ríomhaire candamach dhá chandamghiotán. Réiteodh an fhionnachtain sin an bealach do ríomhaire chandamach lánmhéide, tóraíocht atá fós ar bun.

Déanann gnáthríomhaire giotaí digiteacha náideanna agus aonta a phróiseáil. Úsáideann ríomhairí candamacha giotáin chandamacha, nó candamghiotáin, le náid, náid agus aon, nó líon éigríochta luachanna idir eatarthu a stóráil. Cuireann sé sin go mór le cumas ríofa na ríomhaire.

Mar shampla, d’fhéadfadh na ríomhairí candamacha a bheidh againn amach anseo ceann ar bith de ghnáthchórais slándála an lae inniu a chraiceáil taobh istigh de roinnt soicindí. Theastódh na milliúin blianta ó na sár-ríomhairí is fearr atá againn sa lá atá inniu ann leis an tasc céanna a dhéanamh.

Déanfaidh ríomhairí candamacha na tascanna céanna agus a dhéanann na ríomhairí atá againn faoi láthair — ach déanfaidh i bhfad níos sciobtha iad. Ach is iomaí úsáid eile a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis an teicneolaíocht nua seo.



# NUÁLAÍOCHT AGUS NEAMHSPLÉACHAS



**D'fhéadfadh ár bpróiseálaithe agus ríomhairí candamacha cuid mhaith eárnálacha a athrú ó bhonn, idir fhorbairt drugaí agus vacsaíní agus an chibearshlándáil, chomh maith le nuálaíocht thábhachtach a spreagadh i réimsí teicneolaíochta a bhaineann leis an aeráid. //**

Juha Vartiainen, comhbhunaitheoir agus príomhoifigeach oibriúcháin IQM Quantum Computers

"D'fhéadfaimis ríomhairí candamacha a úsáid le himoibrithe ceimiceacha a ionsamhlú, rud a dhéanadh éascaíocht ar dheardh drugaí agus táirgeadh ábhar éagsúil," arsa Vartiainen. "Ó mhaoiniú go fuinneamh, cógas leighis go heolaíochtaí ábhair, lóistíocht go hardtionscail, cuirfidh an ríomhaireacht chandamach dlús le fionnachtana a fheabhsóidh saol gach duine."

## Is sólás é an fiachas fiontair don ríomhaireacht chandamach

Tá traidisiún láidir taighde candamach san Eoraip, agus tá go leor ionaid anseo atá ar thús cadhnaíochta sa domhan. Ach tá an tSín agus na Stáit Aontaithe ag dul amach chun cinn sa rás i dtreo na ríomhaireachta candamaí.

Tá sé mar aidhm ag Ciste Ráthaíochta Eorpach bhanc an AE tacú le comhlachtaí atá thíos leis an gcúlú eacnamaíochta de dheasca COVID-19 d'fhonn borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa. Gnólachtaí teicneolaíochta iad cuid mhaith de na comhlachtaí sin nach bhfuil a ndóthain caipitil acu le teacht slán, cé gur mithid dóibh a bheith ag méadú a ngnó. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach in eárnálacha teicneolaíochta ina bhféadfadh sé go mbeadh ar chomhlachtaí Eorpacha dul i dtuilleamaí na Stát Aontaithe nó na Síne le teacht ar mhaoiniú malartach.

"Cuireann an Ciste ar ár gcumas réitigh fhadtéarmacha fiachais fiontair a thairiscint agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais uathúla mhaoinithe cuideachtaí nuálacha atá ag fás go tapa in eárnálacha atá ríthábhachtach do thodhchaí na hEorpa," arsa Cristian Antoci, oifigeach fiachais fiontair agus cothromais leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Le tacaíocht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, beidh IQM in ann leanúint air a bheith ina cheannródaí sa taighde candamach san Eoraip agus ar fud an domhain. "Úsáidfear an maoiniú chun ár n-oibríochtaí Eorpacha a fhorbairt agus a leathnú tuilleadh," a deir Pia-Johanna Lemmetty, an ceann airgeadais ag IQM. "Cabhróidh sé linn freisin leanúint ar aghaidh ag forbairt ár dtáirge agus ag cur leis an bhfoireann saineolaithe thar a bheith cumasach atá againn."

## Teacht ar réitigh chandamacha ar fhadhbanna nua-aimseartha

Tá IQM ag iarraidh nuálaíocht a úsáid le dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide.

"D'fhéadfadh an ríomhaireacht chandamach a bheith ina cuid dhílis de na hiarrachtaí le teacht ar réitigh ar shaincheisteanna aeráide," arsa Vartiainen. "D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin cadhnraí níos éifeachtaí a fhorbairt le teacht in ionad an innill dócháin, teicneolaíochtaí samhaltaithe aimsire a fheabhsú, nó an eangach fuinnimh a bharrfheabhsú le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> ó thrácht a laghdú i gcathracha."

Tá an comhlacht ag cabhrú leis an éiceachóras chandamach Eorpach den chéad ghlúin eile a chruthú chomh maith.

I mí na Nollag 2021, d'oscail an chuideachta saoráid mhonaraithe in Espoo na Fionlainne. Beidh poist ardteicneolaíochta sa tsaoráid nua agus comhoibreofar le hionaid taighde agus ollscoileanna ar fud na cruinne le tuilleadh taighde a spreagadh go hidirnáisiúnta.

# CÉARD BA CHUSPÓIR LEIS AR FAD?

**Idir shatailítí, luchtairí feithiclí leictreacha agus fheirmeoireacht a dhéanann maitheas don ithir, tacaíonn an ceannródaí infheistíochta Ananda le cuideachtaí atá go maith don tsochaí agus don chomhshaol araon**

**B**hí ag éirí go geal le Florian Erber cheana féin. Innealtóir leictreach a bhí ann ó thaobh gairme, agus d'oibrigh sé sa chapiteal fiontair in California agus in München araon. Dhíol sé a ghnólacht nuathionscanta féin le corparáid mhór idirnáisiúnta. Ach ní raibh sé in ann an ghairm sin a mhíniú dá iníon, a bhí ceithre bliana d'aois. “An rud a bhí in easnamh,” a deir sé, “ná céard ba chuspóir leis ar fad?”

B’in an spreagadh a chuir i dtreo na hinfheistíochta tionchair é. “Shocraigh mé go mbeinn in ann a rá léi go raibh mé ag cinntiú go n-éireoidh an comhshaol níos fearr. Sin a déarfainn le mo pháiste — sin a déarfainn liom féin.”

D’fhás an ciste infheistíochta a bhunaigh Erber le Johannes Weber in 2009 ón tuisceant nach raibh siad “ag iarraidh gnólaigh a chruthú nach raibh tábhacht ar bith leo.” Anois tá sé ar cheann de phríomhchistí na hearnála infheistíochta tionchair, atá ag éirí níos leithne i gcónaí. I mí na Bealtaine, dhún Ananda Impact Ventures an ceathrú ciste infheistíochta dá chuid ag €108 milliún, agus an tríú hinfheistíocht ón gCiste Eorpach Infheistíochta san áireamh ann.

“Tá na cistí a ndéanaimid infheistíocht iontu ag tomhas a dtionchair,” arsa Maximilian Heyde, bainisteoir infheistíochta ag an gCiste Eorpach Infheistíochta, fochuideachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. “Tá siad meáite ar fhadhbanna sochaíocha nó comhshaoil a réiteach, agus brabús a ghiniúint ag an am céanna dá gcuid infheisteoirí.”

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gCiste Eorpach Infheistíochta i gcás na hinfheistíochta tionchair. “Thosaigh an CEI ag forbairt an mhargaidh infheistíochta tionchair go han-luath,” arsa Erber. “D’éirigh chomh hiontach sin leis an dara ciste againn dá bharr.”

## **Nuálaíochtaí don Eoraip bainte amach de bharr na hinfheistíochta tionchair**

Cuireann infheistíochtaí tionchair le hiomaíochas domhanda na hEorpa chomh maith toisc go maoiníonn siad nuálaíochtaí nach mbeadh an dara rogha acu ach dul chuig na Stáit Aontaithe nó an Áise le maoiniú a fháil murach sin, rud a mbeadh impleachtaí aige **do shlándáil soláthair na mór-roinne**. “Is minic a bhíonn cistí fiontair Eorpacha róbheag le tacú leis na céimeanna déanacha fáis agus bíonn comhlachtaí ag brath ar chistí níos mó ó na Stáit Aontaithe nó ón tSín,” arsa Heyde, a oibríonn leis an CEI. “Ceann de na cuspóirí straitéiseacha atá againn ná caipiteal breise a chur ar fáil chun cabhrú le cistí fiontair seiceanna níos mó a scríobh do chuideachtaí atá ag dul i méid a mbeidh tionchar dearfach ag a gcuid teicneolaíochtaí ar an aeráid nó ar an gcomhshaol.”

**Ó 2008 i leith, tá €1.4 billiún infheistithe ag an gCiste Eorpach Infheistíochta i gcistí infheistíochta tionchair, agus níos mó ná leath den mhéid sin infheistithe le trí bliana anuas. Glactar leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar an ngníomhaíocht sin sna blianta amach romhainn óir go bhfuil gealltanas tugtha ag an CEI go gcuirfear 25% ar a laghad den mhéid a infheistíonn sé gach bliana i dtreo na haeráide agus an chomhshaoil.**

# NUÁLAÍOCHT AGUS NEAMHSPLEÁCHAS



**Bhí an Eoraip ag streachailt leis an digitiú tráth. Anois tá margadh againn ina bhfuilimid chun tosaigh ar na Stáit Aontaithe. Tá sé tábhachtach fanacht céim chun cinn orthu ionas go mbeidh linn ar fud an domhain. //**

**Jörg Heuer, bunaitheoir agus príomhfheidhmeannach EcoG**

Agus tacaíocht á thabhairt ag an Aontas Eorpach do ghnólachtaí nuathionscanta, ní bheidh cead iomlán a gcinn ag gnólachtaí caipitil fiontair sna Stáit Aontaithe ná san Áise. Thosaigh EcoG, ceann d'infheistíochtaí Ananda, amach cúig bliana ó shin in Detroit. Ach bliain ina dhiaidh sin, shocraigh na bainisteoirí leanúint le forbairt na cuideachtaí in München. "Margadh é an bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha ina bhfuil ag éirí leis an Eoraip a dhá nó a trí oiread níos fearr ná aon áit eile," a deir Jörg Heuer, bunaitheoir agus príomhfheidhmeannach EcoG. "Bhí an Eoraip ag streachailt leis an digitiú tráth. Anois tá margadh againn ina bhfuilimid chun tosaigh ar na Stáit Aontaithe. Tá sé tábhachtach fanacht céim chun cinn orthu ionas go mbeidh linn ar fud an domhain."

## **Andróideach i gcomhair luchtú feithiclí leictreacha**

Déanann Heuer cur síos ar tháirge EcoG mar "andróideach i gcomhair luchtú feithiclí leictreacha." Cuireann na stáisiúin luchtaithe chliste de chuid na cuideachta ar chumas tomhaltóirí a gcarr a luchtú ag na hamanna a mbíonn an leictreachas is saoire toisc flúirse fuinneamh in-athnuaite a bheith ar fáil. Rud tábhachtach é sin, mar gur dócha go gcuirfidh an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar fheithiclí leictreacha brú ar acmhainn leictreachais na hEorpa.

Treisiúnn EcoG an troid i gcoinne an athraithe aeráide ar dhá bhealach: ar an gcéad dul síos, laghdaíonn sé "an imní faoi raon" agus déanann é níos tarraingtí feithicil leictreach a cheannach; agus ar an dara dul síos, déanann sé an fuinneamh a úsáideann carranna nua níos glaise fós. "Má thógaimid luchtairí feithicil leictreacha amhail is dá mba thóstaer iad, níl bheidh an tsolúbthacht is gá ann le hathrú le himeacht ama," a deir Heuer. "Thar shaolré fóin chliste, is féidir leis an úsáideoir feidhmiúlachtaí nua a shuiteáil ar an bhfón le coinneáil suas leis na nuálaíochtaí is déanaí. Tá an fhís chéanna againn le haghaidh luchtairí d'fheithicil leictreacha."

## **Infheistíocht tionchair tagtha in aibíocht**

Tá Florian Erber ag coinneáil súil ar fhás an mhargaidh infheistíochta tionchair ó tháinig a iníon féin ar an saol 18 mbliana ó shin agus is mór aige an rath atá tagtha ar chuideachtaí ar nós EcoG le himeacht na tréimhse sin.

"Nuair a thosaigh mé amach san infheistíocht tionchair, d'fhiafraigh formhór mo chomhghleacaithe sa tionscal caipitil fiontair díom 'Tá sé sin go deas, ach an féidir leat do bheatha a shaothrú as? Cén chaoi a ndéanfaidh tú airgead as?'" a deir sé. "Anois cuireann siad glao orainne toisc gur maith is eol dóibh gur gá do ghnólachtaí fiontair caipitil iad féin a chur in oiriúint don mhargadh nua. Caithfidh siadsan a bheith dáiríre faoin infheistíocht tionchair."

Cosúil le Natalie Erber óg, tá an infheistíocht tionchair ag teacht in aibíocht agus rudaí iontacha i ndán di.

# CEALLA CHUN AN NEAMHCHOINNEÁLACHT A LEIGHEAS

**Tá cuideachta bhiteicneolaíochta ón Ostair ag forbairt teiripí ceall a d'fhéadfadh cabhrú leis na milliúin a bhfuil an neamhchoinneálacht orthu saol gníomhach a bheith acu arís**

**S**amhlaigh go ritheann tú chuig an leithreas ach tá tú beagán ródhéanach. Smaoineamh uafásach, ach sin an chaoi a bhfuil an saol do chuid mhaith daoine. San Eoraip amháin, tá an neamhchoinneálacht fhaecach ar thart ar 20 milliún duine fásta. Tá an neamhchoinneálacht fuail níos coitianta fós.

Tá cuideachta bhiteicneolaíochta ón Ostair darb ainm Innovacell ag forbairt teiripí ceall a d'fhéadfadh an fhadhb seo a chur ina ceart. Is éard a dhéantar sa teiripe ceall ná cealla réamhtheachtaí matáin an othair féin a instealladh isteach sa mhatán iatóra damáistithe agus/nó lagaithe, rud a chabhraíonn leis an matán a fheidhm cheart a athghiniúint agus a fháil ar ais.

Chun dlús a chur leis an gcéim dheiridh de na trialacha clínicíúla, fuair Innovacell iasacht fiontair €15 mhilliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta i mí na Nollag 2021. Cabhróidh an t-airgead leis an gcuideachta fanacht chun tosaigh ar an gcomórtas in ainneoin gur tháinig moill ar an bhforbairt le linn phaindéim COVID-19.

"Is ann do chuideachta amháin sna Stáit Aontaithe atá ag obair ar an gcineál seo teiripe chomh maith. Tá siad ar a laghad cúig bliana taobh thiar dinn ó thaobh forbartha de," arsa Ekkehart Steinhuber, príomhfheidhmeannach na cuideachta. "Bhí an iasacht tábhachtach sa mhéid gur chabhraigh sí linn a chur ina luí ar na hinfheisteoirí go mbeadh ár ndóthain airgid againn go ceann tamall réasúnta fada."

## **Feabhsaíonn cóir leighis neamhchoinneálachta cáilíocht na beatha**

I measc daoine scothaosta is minice a fheictear an neamhchoinneálacht. Tá sí ar an dara cúis is coitianta a gcuirtear daoine i dteach altranais. Tá daoine óga ann a bhfuil an riocht orthu chomh maith, áfach. Uaireanta, baintear tráma de mhatán iatóra ban agus leanbh á thabhairt ar an saol acu.

Go dtí seo, "is beag is féidir le daoine a dhéanamh leis an sceitheadh a stopadh," a deir Valeria Iansante, speisialtóir eolaíochtaí beatha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. I measc na gcóireálacha atá ann cheana tá athrú cothaithe agus fisiteiripe, cógas, spreagadh leictreach agus cineálacha éagsúla obráidí. Tá cuid acu thar a bheith ionrach agus is minic nach mbíonn éifeacht bhuan leo.

## **Aon instealladh amháin, leigheas fadtéarmach**

Tá cur chuige difriúil roghnaithe ag Innovacell. Tógann an chuideachta méid fíocháin matáin, ar cóimhéid le cloch shilín, amach as matán cliabhraigh an othair, déanann na gaschealla a scaradh amach ón bhfíochán agus forbraíonn iad ina gcealla réamhtheachtaí matáin. Ansin, déantar na cealla sin a instealladh isteach i matán iatóra an othair, áit a gcabhraíonn siad leis an matán a fheidhm a athghiniúint agus a fháil ar ais.

Úsáideann an chuideachta teicneolaíocht atá faoi phaitinn chun na cealla a ionchlannú le snáthaid an-bheag. Gnáthamh íosionrach, an-chruinn é, a threoraítear leis an ultrafhuaim. Agus d'fhéadfadh sé a bheith ina leigheas buan ar an riocht, leis: "Tá sonraí againn ó othair ar cuireadh an chóireáil orthu ocht mbliana ó shin," a deir an Príomhfheidhmeannach Steinhuber, atá leis an gcomhlacht ó bhí 2009 ann. "Maireann an éifeacht."

# NUÁLAÍOCHT AGUS NEAMHSPLEÁCHAS



**Bhí an iasacht tábhachtach sa mhéid gur chabhraigh sí linn a chur ina luí ar na hinfheistearí go mbeadh ár ndóthain airgid againn go ceann tamall réasúnta fada. //**

Ekkehart Steinhuber, príomhfheidhmeannach Innovacell

## Cabhair ón Aontas Eorpach le cead a fháil

Tá trí tháirge iarrthóra ag Innovacell le cóireáil a chur ar chineálacha éagsúla neamhchoinneálachta faecaí agus fuail. Tá céim III, an chéim dheireanach de na trialacha cliniciúla roimh cheadú rialála an táirge, bainte amach ag ICEF15, an t-iarrthóir dá gcuid is mó a bhfuil gealladh faoi agus atá beartaithe lena úsáid leis “an neamhchoinneálacht fhaecach foinn” a chóireáil. Ag an bpointe seo, caithfidh an chuideachta méid ollmhór airgid a infheistiú. “Cosnaíonn staidéar den sórt sin na milliúin agus na milliúin euro,” a deir Steinhuber.

Níl sé éasca airgead a thiomsú ag an bpointe seo ná san earnáil seo san Eoraip. Fágann sé sin go dtéann an-chuid comhlachtaí sa tóir ar mhaoiniú sna Stáit Aontaithe nó san Áise, agus is minic a thréigeanntionscadail eolaíochta an Eoraip dá bhrí sin.

“Is beag suim a chuireann infheistearí san Eoraip i dteiripí ceall,” a deir Cyril Teixeira Da Silva, oifigeach infheistíochta sa Bhanc Eorpach Infheistíochta a chuidigh le struchtúrú na hiasachta do Innovacell. “Ach ba mhaith linn ár gcion féin a dhéanamh leis an nuálaíocht seo a choinneáil san Eoraip.”

Mar bhanc an AE, bhí an BEI in ann maoiniú fiontair a thairiscint do Innovacell le tacaíocht ón gCiste Ráthaíochta Eorpach. Cuireadh an ciste ar bun d’fhonn cabhrú le comhlachtaí a bhí thíos leis an bpaindéim. “Tá riosca ag baint leis an infheistíocht fós,” a deir Teixeira Da Silva. “Gan an ráthaíocht, ní bheadh sé indéanta maoiniú a chur ar fáil di go fóill. Bheadh orainn fanacht ar thorthaí dearfacha i gcéim III.”

## Gealladh faoin leigheas athghiniúnach sa tSeapáin

Dar le Innovacell, tá deis mhór le tapú sa tSeapáin toisc a shine atá a daonra, rud a fhágann gur margadh dinimiciúil í le haghaidh cóireálacha neamhchoinneálachta. Tá trialacha céim III ar bun ag an gcuideachta sa tír ag féachaint le cead a fháil dá tháirge. Is tarraingteach an áit í an tSeapáin toisc go n-aithníonn siad acmhainneacht na dteiripí athghiniúnacha. Fágann sé sin go mbíonn sé níos éasca do chomhlachtaí a fhorbraíonn cóireálacha atá dian ar thaighde praghsanna níos airde a ghearradh.

Trí Innovacell a mhaoiniú, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2000 in Ollscoil Leighis Innsbruck, tá an Banc ag cur ar chumas na cuideachta a cuid eolaíochta a easpórtáil ar fud an domhain ar mhaithe le daoine san Aontas Eorpach agus níos faide ó bhaile.

“D’fhéadfá a rá gurb ionann iad agus todhchaí an leighis athghiniúnaigh,” arsa lansante, a oibríonn leis an BEI. “Tá ardriachtanas leighis ann agus d’fhéadfadh buntáistí móra millteanacha a bheith ann do na hothair. Sin é an fáth a bhfuilimid ag tabhairt cistí de chuid an AE don chuideachta seo.”

# NAISC DHOMHANDA

“Is tábhachtaí anois ná riamh comhoibriú réigiúnach idir an tAontas Eorpach agus a chuid comharsana. D’fhéadfá breathnú ar an mBanc Eorpach Infheistíochta mar dhroichead, a nascann daoine agus áiteanna le tionscadail inbhuanaithe trína dtógtar saol níos fearr do ghlúnta an ama i láthair agus an ama atá le teacht araon.”

**Souad Farsi**, ceann na hoifige de chuid an BEI in Amman, an Iordáin

Agus réimse géarchéimeanna domhanda ann, tá an Banc Eorpach Infheistíochta tar éis cruth nua a chur ar an mbealach a bhfeidhmíonn sé lasmuigh den Aontas Eorpach d’fhonn freagairt do dhúshláin dhomhanda a mbíonn tionchar níos mó ná riamh acu. Cuireadh ár n-eite forbartha, BEI Domhanda, ar bun in 2022 le spriocanna an Aontais Eorpaigh maidir leis an inbhuanaitheacht, an fhorbairt, an gníomhú ar son na haeráide agus an digitíú a thiontú ina bhfiorthionscadail agus ina bhfiortháirgí. Gach uile thionscadal a dtugann BEI Domhanda faoi, freagraíonn sé do riachtanas ríthábhachtach eacnamaíoch — agus cuireann luachanna na saoirse, dhínit an duine agus riail an dlí chun cinn i saol nach bhfuil chomh seasmhach agus a chreidimis.

Tá BEI Domhanda ceaptha chun comhpháirtíochtaí láidre dírithe a chothú laistigh d’Fhoireann na hEorpa agus tríthi, agus lenár gcuid comhpháirtithe ar fud an domhain.

# AN MICREAMHAOINIÚ A CHOMHOIRIÚNÚ

## Chabhraigh cúnamh teicniúil ón AE le Faten, institiúid mhicreamhaoinithe sa Phalaistín, \$8 milliún a shaoradh ar son gnólachtaí beaga

**N**íl ó Shua'a Yassin ach tástáil speisialaithe níos fearr, níos gasta agus níos leithne a thairiscint do na hothair a thagann isteach chuig a shaotharlann i gcathair Ramallah sa Bhruach Thiar. Teicneoir saotharlainne leighis a dhéanann speisialtóireacht san haemaiteolaíocht is ea Yassin, a d'fhág a phost in Aireacht Sláinte na Palaistíne in 2014 le Lab Tech a chur ar bun.

"Thosaíomar amach mar ghnáthshaotharlann, ag déanamh gnáththástálacha simplí — ní saotharlann speisialaithe," a deir sé. "Ansin tháinig fás orainn agus thosaíomar ag déanamh sainfheidhmiú ar an haemaiteolaíocht agus sa tástáil mhóilíneach." Tá naonúr ban agus fear fostaithe ag a shaotharlann anois.

Le cur le seirbhísí na saotharlainne, bhí trealamh ní ba shofaisticiúla ag teastáil ó Yassin. D'éirigh leis é a cheannach le cabhair ó iasachtaí ó 'An Phalaistín um Chreidmheas agus Forbairt' — Faten, institiúid mhicreamhaoinithe atá lonnaithe in Ramallah, a fuair an dara cuid d'iasacht \$10 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta in 2022.

Bunaíodh Faten in 1999. Anois is é an institiúid mhicreamhaoinithe is mó dá bhfuil sa Bhanc Thiar agus in Gaza é agus is ionann punann amuigh Faten agus beagnach \$157 milliún, le 26 400 tairbhí gníomhach, de réir Hamza Ghannam, bainisteoir rannóg creidmheasa na hinstitiúide.

### Cúnaint a chomhchuihiú

In 2019, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta comhaontú iasachta \$10 milliún le Faten. Rinneadh an chéad eisíocaíocht \$2 mhilliún in 2020. Mar gheall ar chúinsí deacra éagsúla, chuaigh sé deacair ar Faten coinníollacha na hiasachta a chomhlíonadh. Cuireadh moill ar eisíocaíocht na \$8 milliún eile dá bharr sin.

Dúshlán suntasach a bhí le sárú ná go raibh beagnach 50 cúnant airgeadais éagsúil ag Faten le 17 n-iasachtóir dhifriúla, an Banc Eorpach Infheistíochta ina measc. Ba dheacair don institiúid mhicreamhaoinithe súil a choinneáil ar an iliomad coinníollacha iasachta a bhí ina gceangal uirthi.

Leis an dúshlán sin a shárú agus lena chinntiú go bhféadfadh an Banc Eorpach Infheistíochta an \$8 milliún eile a íoc amach, d'ofráil banc an AE cabhrú le Faten tríd an gClár Cúnaimh Theicniúil um Chuimsiú Airgeadais i gComharsanacht an Deiscirt. Tá an clár maoinithe faoin tSaoráid Caipitil Riosca le haghaidh Chomharsanacht an Deiscirt, ar bhunaigh an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Coimisiún Eorpach í d'fhonn cuimsiú airgeadais a chur chun cinn sa réigiún.

"Clúdaíonn an clár cúnaimh theicniúil réimse tíortha – Maracó, an Túinéis, an Iordáin, an Ailgéir, an Éigipt, an Liobáin agus an Phalaistín\*," a deir Emma-Jayne Paul, saineolaí cúnaimh theicniúil sa mhicreamhaoiniúchán le BEI Domhanda, an eite den Bhanc Eorpach Infheistíochta a dhéanann plé le tionscadail lasmuigh den Aontas Eorpach.

"Clár trí bliana a bhí beartaithe ar an gcéad dul síos, ach toisc gur éirigh chomh hiontach sin leis, tá sé le síneadh dhá bhliain eile go dtí deireadh mhí Eanáir 2025," a deir sí.



**// Anois táimid sa tóir ar ghléasanna nach bhfuil ar fáil inár bpobal, cosúil le seicheamhú den chéad ghlúin eile, agus uirlisí níos speisialta a oibríonn ar DNA an duine. //**

Shua'a Yassin, bunaitheoir Lab Tech

### An iliomad comhaontuithe a shimpliú

Bhí Faten sásta glacadh leis an gcúnamh. B'éigean don institiúid mhicreamhaoinithe cloí le go leor coinníollacha iasachta, nó cúnaight, ó 17 n-iasachtóir éagsúla. Bhí sé casta, mar uaireanta bhí na cúnaight an-chosúil lena chéile, gan ach difríochtaí beaga eatarthu.

Rinne Faten athbhreithniú ar na cúnaight go léir agus chuaigh tríothu go dtí nach raibh ach sé cinn fágtha. Ina dhiaidh sin, chuaigh siad i mbun idirbheartaíocht fhada chasta le gach duine de na hiasachtóirí féachaint an bhféadfaidís glacadh leis na cúnaight nua.

### Coinníollacha géarchéim-dhíonacha

Tá cúrsaí polaitíochta sa Bhruach Thiar agus in Gaza casta, agus is minic a bhíonn géarchéimeanna ann. "Níl smacht againn ar na teorainneacha, amhail an teorainn idir an Iordáin agus an Phalaistín, ná ar na teorainneacha mara, ná ar na teorainneacha le tíortha eile timpeall orainn, amhail an Liobáin agus an tSiria," a deir Ghannam. "Fágann sin go mbíonn sé deacair easpórtáil agus iompórtáil a dhéanamh idir muid féin agus tíortha eile."

Mar sin, nuair a bhíodas i mbun ath-idirbheartaíochta maidir leis na cúnaight, bhí sé tábhachtach freisin gur thuig na hiasachtóirí an éagobhsaíocht a bhí mar dhlúthchuid de ghnó Faten.

Tháingamar ar chomhréiteach leo sa deireadh, agus ghlac na 17 iasachtóir go léir leis na sé chúnant chéanna. A luaithe a bhí an tionscnamh curtha i gcrích, bhí an BEI in ann na \$8 milliún a scaoileadh. Ó íocadh amach an t-airgead i mí Iúil, tá trí iasachtóir nua curtha leis ag Faten, agus ghlac siad go léir leis na sé chúnant chéanna chomh maith.

Tá súil ag foireann cúnamh theicniúil an Bhainc go mb'fhéidir go bhféadfaí triail a bhaint as an tionscnamh céanna le hinstiúidí micreamhaoinithe eile i ngeilleagair atá thíos le géarchéimeanna.

### Súil chun cinn ag Lab Tech

Leis na hiasachtaí a fuair Lab Tech ó Faten, bhí Shua'a Yassin in ann rogha sainmheaisíní saotharlainne a cheannach chun tástálacha hormónacha agus móilíneacha a dhéanamh. D'úsáid sé an \$30 000 is déanaí a fuair sé chun trealamh tástála PCR fíor-ama a cheannach i mí Feabhra.

"Anois táimid sa tóir ar ghléasanna nach bhfuil ar fáil inár bpobal, cosúil le seicheamhú den chéad ghlúin eile, agus uirlisí níos speisialta a oibríonn ar DNA an duine," a deir sé. "Táimid ag iarraidh teacht ar mhaoiniú lena aghaidh sin."

\* Ní fhorléireofar an t-ainmniú sin amhail aitheantas do Stát na Palaistíne agus ní dhéantar dochar leis do sheasaimh aonair na mBallstát ar an gceist sin.

# DLÚS A CHUR LE DEISEANNA DO MHNÁ

## Scoil leictreoirí do mhná oscailte ag comhlacht cumhachta sa Bhrasaíl darb ainm Neoenergia d'fhonn an t-ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn

Is de shliocht leictreoirí Érica Carvalho de Oliveira. Anois, is garr go mbeidh sí ar an gcéad leictreoir mná ina teaghlach, a bhuíochas sin ar chlár sóisialta nua a chruthaigh an comhlacht fuinnimh Neoenergia sa Bhrasaíl.

“Táim an-bhródúil as páirt a ghlacadh i dtionscadal a sháraíonn baic inscne,” a deir Oliveira. “Tabhairt faoi dhúshlán nua, sin bun agus barr an scéil, agus a léiriú gur féidir le fir agus mná a rogha jab a dhéanamh.”

Tá Neoenergia ar cheann de na soláthraithe leictreachais is mó sa Bhrasaíl agus oibríochtaí aige in 18 stát.

Chuir an comhlacht Scoil na Leictreoirí ar bun in Bahia in 2013 d'fhonn an saol a fheabhsú do dhaoine i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Baineann Neoenergia leas as oideachas agus oiliúint chun ionchuimsiú a fheabhsú, rud a chabhraíonn le mná go cinnte, ach a chabhraíonn le daoine ó phobail nach bhfuil an t-oideachas céanna acu nó atá níos boichte poist níos fearr a fháil.

In 2019, thosaigh an scoil ag reáchtáil ranganna ar leith do mhná ag féachaint le deireadh a chur leis an smaoineamh gur post fir é a bheith i do leictreoir.

“Cruthaíodh agus forbraíodh an tionscadal seo mar bhealach chun cabhrú leis na daoine sna pobail is boichte briseadh isteach sa mhargadh fostaíochta agus a bheith in ann na híos-dálaí maireachtála a bheith acu, lena n-áirítear a bheith in ann íoc as a gcíos agus as a gcuid bia,” arsa Régia Barbosa, atá i gceannas ar an rannóg forbartha eagraíochtúla in Neoenergia. “Is aidhm leis deiseanna maireachtála níos fearr a chruthú, ach a léiriú ag an am céanna go bhfuil deiseanna do mhná sna hearnálacha fostaíochta siúd a luaitear le fir go traidisiúnta.”

Faoin mbliain 2021, bhí os cionn 1 600 duine a chríochnaigh an cúrsa oiliúna i Scoil na Leictreoirí fostaithe ag an gcomhlacht. Tá beagnach 300 bean anois ina leictreoirí deimhnithe a bhuíochas leis an gclár.

### Cothromaíocht inscne a bhaint amach

I mí an Mhárta 2022, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €200 milliún le Neoenergia chun tacú le tuilleadh tionscadail fuinnimh in-athnuaite sa Bhrasaíl. Thairis sin, cabhróidh an infheistíocht leis an gcomhlacht comhionannas inscne a fheabhsú agus a bheith níos gníomhaí go sóisialta.

Dar le Joana Sarmiento Coelho, oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh ar an tionscadal, tugann clár oiliúna leictreoirí Neoenergia dea-shampla do chuideachtaí eile atá ag iarraidh an t-ionchuimsiú a chur chun cinn.

“Ba chóir do Neoenergia a bheith an-bhródúil as an tionscadal seo,” arsa Sarmiento. “An áit a bhfuil toil tá bealach, beag bean ar an tír ná ar a stádas sóisialta ná eacnamaíoch. Agus is cinnte gurb é seo an bealach i dtreo saol níos cothroime ó thaobh inscne de agus níos rathúla amach anseo.”

# CUMHACHT GHRÉINE DON AFRAIC THUAITHE

## Samhail eas-eangaí mhéadaithe tar éis fáil ar chumhacht na gréine a athrú ó bhonn i gceantair thuaithe san Afraic

**N**íl fáil ag thart ar 600 milliún duine ar leictreachas san Afraic fho-Shaháarach in ainneoin roinnt dul chun cinn a bheith déanta le blianta beaga anuas, agus an fás láidir atá tagtha ar earnáil chumhacht eas-eangaí na gréine le deich mbliana anuas.

I mBeinin, níl fáil ach ag 40% den daonra ar leictreachas, agus éagothromaíocht shuntasach le brath idir ceantair uirbeacha (70%) agus ceantair thuaithe (18%), rud a fhágann nach bhfuil fáil ag thart ar 5 mhilliún duine ar leictreachas. Níl ach 10% de na teaghlaigh ag úsáid táirgí cumhachta eas-eangaí gréine faoi láthair.

“Tá níos mó ná 1 mhilliún teaghlach ann nach bhfuil fáil acu ar fhuinneamh nua-aimseartha, inbhuanaithe i mBeinin amháin,” a deir Hendrik Engelmann-Pilger, eacnamaí sinsearach i Rannán Clár Aistrithe Fuinnimh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. “Bíonn na teaghlaigh sin ag brath go príomha ar lóchrainn ceirísín, coinnle, tóirsí agus gineadóirí le haghaidh solais agus le fóin phóca a luchtú. Rudaí costasacha iad sin, ach níos measa fós, bíonn siad ina gcúis le truilliú agus is minic a bhíonn siad neamhéifeachtúil, leis.”

Cosnaíonn foinsí fuinnimh ghlain agus inbhuanaithe, amhail gléasanna gréine agus córais bhaile ghréine do theaghlaigh eas-eangaí, an-chuid airgid ar an gcéad lá riamh, dúshlán a bhíonn deacair le sárú ag teaghlaigh ar ioncam íseal agus meánach. Tá fuascailt na ceiste ag ENGIE Energy Access, an soláthraí íoc-mar-a-úsáidtear agus mioneargacha is mó san Afraic.

### Leictreachas glan, inacmhainne

I gcás íoc-mar-a-úsáidtear, is féidir le custaiméirí íocaíochtaí beaga a dhéanamh chun an córas a dhíghlasáil go ceann lae nó seachtaine. Nuair a bheidh an praghas iomlán íoctha acu, déanfar an córas a dhíghlasáil go buan. Beidh daoine i mBeinin in ann costas an trealamh a aisíoc le himeacht na mblianta ar chostas níos lú ná 20 cent sa lá.

Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €10 milliún le ENGIE Energy Access Benin le tacú leo 107 000 córas baile gréine ar ardchaighdeán a shuiteáil i mBeinin. Meastar go mbeidh fáil ag thart ar 643 000 duine sa tír lar-Afracach ar fhuinneamh glan dá bharr.

Leanann an margadh nua a rinneadh i mBeinin tacaíocht a thug an BEI do ENGIE roimhe seo chun córais cumhachta gréine eas-eangaí a chur i bhfeidhm in Uganda.

“Mar thoradh ar ár gcomhpháirtíocht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i mBeinin, cuirfear córais íoc-mar-a-úsáidtear rí-inacmhainne ar fáil do dhaoine i sráidbhailte ar fud na tíre, rud a thabharfaidh rochtain dóibh ar fhuinneamh glan ón ngrian agus ar chumhachtú airgid,” a deir Gilian-Alexandre Huart, príomhfheidhmeannach ENGIE Energy Access.

# NÍ COMPORD GO hUISCE REATHA

**Agus an t-athrú aeráide ag déanamh ghéarchéim uisce na Seineagáile níos measa fós, tá bonneagar nua ag tabhairt faoiseamh do níos mó ná milliún daoine ar fud na tíre**

**D**húisigh Marie Sall roimh bhreacadh an lae, í ag iarraidh bairille a líonadh agus an t-uisce fós ag rith ionas go mbeadh a ndóthain uisce ag an seachtar ina teaghlach le hól agus le ní go deireadh an lae. Ach bhí na sconnáí i ndisc ar feadh seachtainí i gceantar Pikine in Saint-Louis, baile i dtuaisceart na Seineagáile.

“Ní haon saol é seo,” a deir sí, agus í ag roinnt buidéal amháin uisce a fuair sí ó chomharsa fhlaithiúil ar a cúigear leanaí. Níl an dara rogha ag Sall ach an chuid eile den lá a chaitheamh sa tóir ar uisce le gur féidir lena teaghlach teacht i dtír.

Cúis úr dóchais is ea an iasacht €64.5 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus an deontas €5.55 milliún ón Aontas Eorpach atá le tabhairt do Phoblacht na Seineagáile. Tabharfaidh an maoiniú uisce óil chuig teaghlach Sall, cónaitheoirí uile Saint-Louis, agus dhá bhaile i lár agus i ndeisceart na Seineagáile, Kaolack agus Kolda.

“Níl saol gan uisce. Táim bródúil as bheith páirteach i dtionscadal a chabhraigh le pobail leochaileacha sa tSeineagáil. Sheasamar gualainn ar ghualainn lenár gcuid comhpháirtithe Afracacha agus d'fhreagraíomar do ghéarchéim COVID-19” a deir François-Xavier Parant, an t-oifigeach sinsearach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a bhí i mbun na hoibríochta seo.

Thosaigh banc an AE ag obair sa tSeineagáil i 1966 agus inniu tá sé ar cheann de na comhpháirtithe is láidre atá ag an tír. Cabhróidh an iasacht seo leis an tSeineagáil uisce a chinntiú do chách tráth a bhfuil níos mó brú fós ag teacht ar acmhainní uisce atá gann cheana féin de dheasca borradh daonra agus triomach trom.

## Uisce go cathracha beaga sa tSeineagáil

Tá 230 000 duine ina gcónaí in Saint-Louis, baile atá neadaithe idir Abhainn Poblacht na Seineagáile agus an tAtlantach. D'fhág an suíomh straitéiseach sin gur éirigh go maith leis an mbaile san am atá thart, ach fágann anois go bhfuil sé i mbaol an athraithe aeráide.

“Beidh deireadh leis na trioblóidí seo ar fad a luaithe a bheidh an t-ionad cóireála nua ar bun,” arsa Abdou Diouf, stiúrthóir na n-oibreacha ar an láthair thar ceann Société Nationale des Eaux du Sénégal, an comhlacht náisiúnta uisce.

Ag deireadh an tionscadail, beidh ionad cóireála uisce óil nua, aonaid taiscumair i gcomhair stórála agus líonra leathnaithe dáileacháin againn in Saint-Louis.



Bhí na hiasachtaí a tugadh don chomhlacht uisce sa tSeineagáil roimhe seo dírithe ar an bpríomhchathair Dakar



### Beidh deireadh leis na trioblóidí seo ar fad a luaithe a bheidh an t-ionad cóireála nua ar bun. //

Abdou Diouf, stiúrthóir na n-oibreacha ar an láthair thar ceann Société Nationale des Eaux du Sénégal

Bainfidh Kolda agus Kaolack leas as oibreacha den chineál céanna freisin. Tá na hoibreacha ag neartú an líonra uisce agus ag feabhsú chaighdeán an uisce óil don 634 000 duine atá ina gcónaí sna trí bhaile. Tá an tionscadal seo ag teacht le Tionscnamh Cathracha Inbhuanaithe na hAfraice agus ní haon áibhéil a rá go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach. Mura mbeidh fáil ar uisce i gcathracha beaga, easáiteofar daoine toisc nach mbeidh an dara rogha acu ach dul sa tóir ar shaol níos fearr.

“Is tábhachtach an rud é infheistíocht a dhéanamh i mbailte tánaisteacha ionas go bhféadfar freastal ar an éileamh méadaitheach ar uisce agus éagothroime a chur ina ceart,” arsa Emmanuel Chaponniere, an t-innealtóir sinsearach de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ar an tionscadal. Bhí na hiasachtaí a tugadh don chomhlacht uisce sa tSeineagáil roimhe seo dírithe ar an bpríomhchathair Dakar.

#### Tuilleadh tacaíochta, tuilleadh éifeachta

Braitheann daoine ar nós Ouleymatou Diakhaté ar dhíoltóirí buidéal chun maireachtáil. Iad siúd a bhfuil uisce i mbuidéil thar a n-acmhainn acu, ámh, ólann siadsan uisce salach ó na humair. Cuireann sé sin leis na fadhbanna sláinte atá ann cheana féin de dheasca galair aeríompartha agus uisce-iompartha.

An deontas €5.55 milliún ón Aontas Eorpach, ar eagraigh an Banc Eorpach Infheistíochta é mar chuid d’Fhoireann na hEorpa, cabhróidh sé le comhlacht uisce na Seineagáile dlús a chur le 35 000 nasc uisce óil fóirdheonaithe do 350 000 tairbhí ar fud na tíre. “Tá mé iontach sásta go rabhamar in ann tionchar an tionscadail a mhéadú,” arsa Chaponniere.

Tá an iasacht ó bhanc an AE agus an deontas ón Aontas Eorpach ag dul chun sochair do mhná go háirithe mar is cúram é uisce a bhailiú a leagtar ar mhná agus ar chailíní de ghnáth, rud a fhágann nach mbíonn a ndóthain ama acu le hoideachas a fháil ná ioncam a shaothrú.

#### A bheith in ann brath ar chomhpháirtí maith

Cheadaigh foireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta an tionscadal trí bhaile ó chian agus gan mhoill le linn phaindéim COVID-19. Faoi mhí Dheireadh Fómhair, bhí €13.5 milliún íoctha amach cheana féin.

“Bhíomar in ann tús áite a thabhairt don mheasúnú agus é a dhéanamh ní ba ghasa de bharr an dlúthchaidreamh fadtéarmach a bhí againn. Bhí an-chur amach againn ar an gcomhlacht uisce, agus bhí cur amach acu orainne chomh maith,” arsa Parant. “Seo ár gcúigiú tionscadal le Société Nationale des Eaux du Sénégal ó bhí 1995 ann.”

Faoi bhearta éigeandála na paindéime, mhaoinigh an Banc Eorpach Infheistíochta beagnach 90% de chostais an tionscadail ar bhonn eisceachtúil, i gcomparáid leis an ngnáth-uasmhéid 50%. **Chabhraigh an maoiniú breise ón mBanc le rialtas na Seineagáile teacht ar €34 milliún le húsáid le haghaidh an téarnaimh gheilleagraigh tar éis ghéarchéim COVID-19.**

“Táimid thar a bheith buíoch go rabhamar in ann brath ar chomhpháirtí maith,” arsa Diouf.

# OIBRÍONN NA SÍOLTA SEO

## Tá cineálacha nua ríse ag laghdú astaíochtaí carbóin agus ag cabhrú le feirmeoirí

**T**á patrúin mhonsúin atá ag athrú san India ag déanamh scrios ar cheann de na tráchtearraí talmhaíochta is tábhachtaí sa tír: an rís. Cé gur chonacthas báisteach iomarcach i lár agus i ndeisceart na hIndia le míonna beaga anuas, mar aon le tuilte sna stáit theas Kerala, Karnataka agus Madhya Pradesh, chonacthas teochta arda agus triomach i stáit in oirthear agus in oirthuaisceart na tíre, amhail Uttar Pradesh, Bihar agus Odisha. Mar thoradh air sin, tá Aireacht Talmhaíochta na hIndia ag tuar go dtitfidh an fóimhar ríse thart ar 6.77 milliún tona an séasúr seo go 104.99 milliún.

Tá síolta nua agus teicnící feabhsaithe fáis a d'fhorbair SeedWorks in Hyderabad ag déanamh difríochta, ámh. “Scriosadh go leor barr san India i mbliana de dheasca tonnta teasa,” a deir Sundar Raja Vadlamani, uachtarán an tslabhra soláthair ag SeedWorks. “Déanann ár gcuideachta innealtóireacht ar shaintréithe a dhéanann plandaí níos frithsheasmhaí in aghaidh teas as cuimse agus a thugann barr i bhfad níos fearr.”

Faoi bhagairt triomaigh, tuilte, salandachta agus teochtaí as cuimse, tá táirge na ríse thíos leis an athrú aeráide. Ach is é an fhírinne gur rud é is cúis le go leor den athrú aeráide sin chomh maith, é taobh thiar de 2.5% de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fad a mbíonn an duine ina chúis leo, an méid céanna le tionscal domhanda na heitlíochta. Is é an bealach a fhástar an príomhbharr go traidisiúnta is mó is cúis lena thionchar uafásach ar an aeráid. Cruthaíonn na goirt ina bhfástar é na dálaí is fearr do bhaictéir a chuireann amach meatán, ceann de na gáis ceaptha teasa is láidre.

Bíonn níos lú uisce ag teastáil ó na cineálacha ríse atá forbartha ag SeedWorks, acmhainn atá ag éirí níos gainne agus níos gainne san India, áit a bhfuil strus an-mhór uisce ag bagairt ar suas le 600 milliún duine. Nuair a chuirtear sa mheá na teicnící nua a mhúineann sé d'fheirmeoirí chomh maith, is é an toradh ná barr níos inbhuanaithe a mbíonn tionchar níos lú aige ar an aeráid.

Measann an chuideachta gur chabhraigh sé le thart ar 14 billiún lítear uisce a shábháil go dtí seo, trína cineálacha ríse nach bhfuil chomh tartmhar sin a úsáid in éineacht le roinnt tionscnaimh caomhnaithe uisce, lena n-áirítear úsáid méadar uisce agus baint uisce báistí, chomh maith le hoiliúint a chur ar fheirmeoirí maidir le cén chaoi an úsáid is fearr is féidir a bhaint as uisce.

Tá SeedWorks ag tástáil modh plandála nua le haghaidh ríse freisin, ina mbaintear úsáid as meaisín a d'fhorbair sé chun rís a shíolú go díreach sna goirt, seachas í a fhás i bplandlann ar dtús — nuálaíocht a deir siad a shábháil neart uisce.

### Cothromas príobháideach agus rís inbhuanaithe

Tá saoráidí taighde agus forbartha ag SeedWorks i Singeapór agus tá sé ag leathnú sna hOileáin Philipíneacha, leis. Tá pleananna forbartha na cuideachta tacaíthe ag gnólacht cothromais phríobháidigh darb ainm GEF Capital Partners, atá dírithe ar chúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta comhshaoil, agus a bhfuil oifigí aige san India, i Meiriceá Laidineach agus sna Stáit Aontaithe. Gheall eite forbartha idirnáisiúnta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, BEI Domhanda, \$40 milliún in 2022 don chiste ba dhéanaí de chuid GEF, tar éis dó os cionn \$25 milliún a infheistiú sa chiste roimhe sin in 2018.

“Bhí GEF ar cheann de na ceannródaithe san infheistíocht tionchair aeráide,” a deir Raj Pai, comhpháirtí bainistíochta don Áise Theas ag GEF. “Táimid ag breathnú ar théamaí éagsúla, ó fhuinneamh in-athnuaite go slándáil uisce agus bia, ó thús na 1990idí san India, in Oirdheisceart na hÁise agus i Meiriceá Laidineach.”

**“Is gnách gurb iad grúpaí leochaileacha, amhail teaghlaigh ar ioncam íseal agus mná, is mó a bhíonn thíos le tionchair an athraithe aeráide. Rud ar bith is féidir leat a dhéanamh leis an bhfadhb aeráide a réiteach, gach seas go rachaidh sé chun tairbhe do na grúpaí sin chomh maith.”**

Raj Pai, comhpháirtí bainistíochta don Áise Theas ag GEF

Inniu, déanann GEF monatóireacht ar a thionchar trí thagairt do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe — chomh maith lena chuid torthaí airgeadais — agus ní dhéanann infheistiú ach i gcuideachtaí a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí ag teacht le Comhaontú Pháras ar an Athrú Aeráide. Ciallaíonn sé sin go bhfuil a chuid infheistíochtaí go léir ar aon dul le hiarrachtaí i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

Tá an grúpa cothromais phríobháidigh tar éis clárú leis an tionscnamh 2X Challenge dá chiste nua freisin. Is aidhm leis an Dúshlán infheistíocht \$15 bhilliún a spreagadh chun tacú le gnólachtaí a thugann rochtain do mhná i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn ar dheiseanna ceannaireachta, ar fhostaíocht ardchaighdeán, agus ar tháirgí agus seirbhísí a chuireann lena rannpháirtíocht agus ionchuimsiú eacnamaíoch.


“Is gnách gurb iad grúpaí leochaileacha, amhail teaghlaigh ar ioncam íseal agus mná, is mó a bhíonn thíos le tionchair an athraithe aeráide,” arsa Pai. “Rud ar bith is féidir leat a dhéanamh leis an bhfadhb aeráide a réiteach, gach seas go rachaidh sé chun tairbhe do na grúpaí sin chomh maith.”

### Tionchar bhanc an AE

I gcás cistí cosúil le GEF, tarraingíonn an Banc Eorpach Infheistíochta isteach infheisteoirí eile nach bhféadfadh dul isteach san earnáil murach iad.

“Meallann rannpháirtíocht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i gcistí cosúil le GEF infheisteoirí eile isteach agus spreagann don earnáil phríobháideach infheistíocht a dhéanamh i réimsí ina bhfuil géarghá léi, amhail an gníomhú ar son na haeráide agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil,” a deir Sissi Frank Perez, oifigeach infheistíochta ar fhoireann cothromais phríobháidigh BEI Domhanda.

“Is féidir leis an gcothromas príobháideach ról tábhachtach ar leith a bheith aige i margaí atá ag teacht chun cinn freisin, ní hamháin mar fhoinse caipitil,” a deir sí, “ach mar fhoinse saineolais le cabhrú le cuideachtaí deachleachtais chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a fhorbairt, gnás a dhéanamh díobh, agus glacadh leo.”



BEI Domhanda

# OSPIDÉIL AR BORD

**Creideann Runa Khan gur cheart go mbeadh fáil ag gach duine ar chúram sláinte. Tugann a heagraíocht, Friendship, cógais, vacsaíní agus oideachas chuig ceantair iargúlta sa Bhanglaidéis**

**A**gus í ag tabhairt turas ar cheantair thuaithe sa Bhanglaidéis le tionscadal oideachais a chur chun cinn, chonaic Runa Khan teaghlaigh nach raibh fáil acu ar chúram ná cógas leighis. Shocraigh sí difríocht a dhéanamh don phobal ar fad.

“Ní thosaíonn tú amach ag iarraidh an saol mór a athrú,” arsa Khan. “Diríonn tú ar dhaoine aonair ar dtús, ag iarraidh tuiscint a fháil ar a bhfuil de dhíth orthu agus cabhrú leo le grá.”

Tá Khan ag iarraidh an tsochaí a athrú chun feabhais i rith a saoil. Cuireadh tús le ceann de na tionscadail shóisialta ba mhó a bhain sí sásamh astu nuair a tháinig mairnéalach Francach, Yves Marre, chun na Banglaidéise in 1994 agus seanbháirse abhann aige le bronnadh ar chúis charthanachta. Chabhraigh an bád sin leis na milliúin daoine cúram sláinte níos fearr a fháil agus bhí sé ar an gcéad chéim i dtreo bhunú Friendship, eagraíocht cuspóra shóisialta a bhfuil breis agus 4 000 fostaí agus cúig bhrainte anois aici ar fud an domhain.

Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €250 milliún chun tacú leis an mBanglaidéis vacsaíní a fháil agus dul i mbun vacsaíniú i gcoinne COVID-19 ar fud na tíre. Leis an tacaíocht agus an cúnamh sin, tá na milliúin Banglaidéiseach vacsaínithe inniu agus tá cúram sláinte níos fearr faighte acu trí Friendship.

“Trí chomhoibriú le Friendship, is féidir linn ár dtionchar ar an láthair a threisiú agus forbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach a bhaint amach,” a deir Katrin Bock, an t-oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá freagrach as infheistíocht sa Bhanglaidéis. “Breathnaímid ar ár gcomhpháirtíocht mar threoirphlean le haghaidh infheistíochtaí san earnáil sláinte agus i dtionscadail a bhaineann le COVID-19.”

## **Maireachtáil le tuilte sa Bhanglaidéis**

Tá an Bhanglaidéis lán le haibhneacha, agus beagnach 75% den tír faoi bhun leibhéal na farraige. Fágann leagan amach tíreolaíoch na tíre gur minic a bhíonn tuilte tromchúiseacha ann.

Is iad na 4 mhilliún duine atá ina gcónaí sna hoileáin athraitheacha in Abhainn Brahmaputra, ar a dtugtar “chars”, is mó a bhíonn i gcontúirt. Gach uair a bhíonn tuile san abhainn, titeann na hoileáin as a chéile agus imíonn as radharc, rud a fhágann nach mbíonn an dara rogha ag na daoine ach gach rud a fhágáil ina ndiaidh agus bogadh go talamh nua. Tá an fhadhb ag dul in olcas de dheasca an athraithe aeráide. “Tá aithne agam ar dhaoine a d’athraigh a mbaile ní ba mhó ná 40 uair i gcaitheamh a saoil,” a deir Khan.

Ó dhá ospidéal ar snámh agus ceann amháin ar talamh, cuireann Friendship cúram sláinte ar fáil do na chars agus do chrios cósta na Banglaidéise. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear obráidí, cógais agus seiceálacha leighis ar fáil saor in aisce, chomh maith le seirbhísí péidiatraice, gínéiceolaíochta, fioclóireachta agus cúraim súl.

Chun a chinntiú nach bhfágтар aon duine gan chúram, bhunaigh Friendship córas clinicí satailíte soghluaiste agus clinicí statacha freisin, a fhaigheann tacaíocht ó oibrithe sláinte oilte ó phobail áitiúla. “Mura bhfuil bád agat, tá sé an-deacair teacht ar chúram,” a deir Khan. “Is ó riachtanais an phobail a tháinig ár gcóras cúraim sláinte.”



// **Ní thosaíonn tú amach ag iarraidh an saol mór a athrú.  
Díríonn tú ar dhaoine aonair ar dtús, ag iarraidh tuiscint a fháil  
ar a bhfuil de dhíth orthu agus cabhrú leo le grá. //**

Runa Khan, bunaitheoir Friendship

### Vacsainí a thabhairt chun na ndaoine

Tá an Bhanglaidéis ar aon mhéid a bheag nó a mhór leis an nGréig, ach tá a daonra a 16 oiread níos mó. Nuair a bhuail COVID-19, bhí an vacsaíniú ar an aon bhealach a bhféadfaí an gnáthshaol a choinneáil ag dul gan an galar marfach a bheith ag bagairt ar chách.

Bhí ról mór ag Friendship i vacsaíní a thabhairt chomh fada leo siúd a raibh cónaí orthu in áiteanna iargúlta. D'eagraigh an eagraíocht feachtais feasachta chun an vacsaíniú a chur chun cinn agus thacaigh lena rolladh amach i gceantair iargúlta, trí othair a chlárú agus a iompar chuig ionaid vacsaínithe, cuir i gcás.

Ag tús mhí an Mheithimh 2021, bhí dhá dháileog faighte ag ní ba lú ná 4% de dhaonra na Banglaidéise. Anois, le cabhair Friendship, tá níos mó ná 70% den daonra vacsaínithe go hiomlán.

### Pobail á gcumhachtú

Tá an Bhanglaidéis ar líne tosaigh na troda i gcoinne an athraithe aeráide. In 2022, bhí an tír buailte go dona ag tuilte, a mharaigh ní ba mhó ná 100 duine agus a chuir isteach ar shaol 7 milliún duine eile. Ach meastar go rachaidh sé in olcas go mór sna deich mbliana amach romhainn.

Dar le Khan, caithfidh daoine ar fud an domhain breathnú ar ghéarchéimeanna áitiúla i gcomhthéacs an dúshláin níos mó a bhaineann leis an athrú aeráide. “Cé go n-oibrímid chun ár bpobail agus ár dtíortha a chosaint ar COVID-19, caithfimid smaoineamh freisin ar na bealaí ar féidir linn iad a neartú le go mbeidh siad in ann déileáil le géarchéimeanna amach anseo,” a deir sí.


Sin é an fáth a bhfuil i bhfad níos mó ná cúram sláinte i gceist lena ndéanann Friendship. Ar na réimsí a n-oibríonn an eagraíocht cuspóra shóisialta iontu tá an gníomhú ar son na haeráide, an t-oiriúnú don athrú aeráide, an caomhnú cultúrtha, forbairt eacnamaíoch, an tsaoránacht ionchuimsitheach, agus an t-oideachas. Mar shampla, cuireann an eagraíocht oiliúint leighis agus oideachas meánscoile agus bunscoile ar fáil do na mílte daoine a bhfuil cónaí orthu ar na chars, mná agus imircigh ina measc.

“Ní oireann an cur chuige céanna do gach duine; caithfear céimeanna a ghlacadh de réir a chéile. Is uirlis eile é an t-airgead, is uirlis eile í an teicneolaíocht,” a deir Khan. “Má chuireann tú oideachas ar mhuintir sráidbhaile amháin, is féidir leat an t-oileán iomlán a athrú.”


# CÁ AS A dTAGANN AN tAIRGEAD?

Is é an Banc Eorpach Infheistíochta an t-iasachtaí agus an t-iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil ann. D'éirigh leis €44.3 billiún a thiomsú ar na margaí caipitil idirnáisiúnta in 2022, agus bhain €19.9 billiún den mhéid sin le bannaí glasa nó bannaí inbhuanaitheachta. Téann eisiúint an Bhainc chomh fada le hinfheisteoirí nach nós leo infheistiú san Eoraip de ghnáth ach a chuireann tionscadail Eorpacha chun cinn go hindíreach ansin trí infheistiú i mbannaí an BEI.


## EISIÚINT DE RÉIR AIRGEADRA



## CRÍOCHA MHEIRICEÁ



**D'eisigh an Banc bannaí i 17 airgeadra,** ach is sna croíairgeadra (an euro agus dollar na Stát Aontaithe) a bhí an chuid ba mhó acu. Cuireann éagsúlacht foinsí agus aibíochtaí bonn solúbtha faoi straitéis mhaoinithe an Bhainc. Lena chois sin, cuireann an cur chuige ilairgeadraí ar chumas an BEI fáil a bheith aige ar roinnt airgeadraí áitiúla i gcomhair eisíocaíochtaí.



■ 2020 
 ■ 2021 
 ■ 2022 
 ■ Bannaí Feasachta Aeráide/ Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta in 2022

# GRÚP-PHLEAN OIBRIÚCHÁIN 2023-2025: BUAICPHOINTÍ

- Tuilleadh cabhrach don Úcráin agus béim ar neamhspleáchas an Aontais Eorpaigh tar éis ionradh na Rúise
- Aistriú ó bhreoslaí iontaise agus tacaíocht do réigiúin atá ag brath ar ghual agus ar ola
- Infheistíochtaí glasa agus digiteacha a bhfuil níos riosca ag baint leo
- Tuilleadh forbartha ar fud an domhain trí BEI Domhanda
- Tosaíochtaí nua maidir le cúnamh comhairleach, nuálaíocht agus teicneolaíocht
- Méadú ar iasachtaí do chuideachtaí beaga i réimsí an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta

Mar thoradh ar an ionsaí míleata i gcoinne na hÚcráine, tá dlús curtha againn le gníomhú ar son na haeráide agus le tionscadail a neartóidh neamhspleáchas na hEorpa. Cuid den iarracht nua seo is ea Clár REPowerEU, arb aidhm leis deireadh a chur le spleáchas na hEorpa ar ola agus ar ghás ón Rúis. Tacóimid go hiomlán leis an gclár neamhspleáchais fuinnimh seo de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Méadóidh Grúpa an BEI an maoiniú don aistriú cóir cothrom d'fhonn cabhrú le tuilleadh réigiún a bhraitheann go mór ar ghual agus ar ola a ngeilleagar a aistriú ina gheilleagar glas. Is éard a chiallaíonn aistriú cóir cothrom ná go gcabhróimid leis na pobail is mó atá thíos teacht ar thionscail nua, ghlasa agus go gcuirfimid níos mó oiliúna ar fáil do dhaoine le lígean dóibh dul le gairm nua.

Ar cheann de phríomhspriocanna an Chiste Eorpaigh Infheistíochta ó 2023 go 2025 beidh cur le gníomhú ar son na haeráide agus le hinbhuanaitheacht chomhshaoil. Áireofar leis sin oiliúint eolais theicniúil do chuideachtaí beaga agus tacaíocht d'aingil ghnó, caipiteal fiontair agus cistí cothromais phríobháidigh. Mar thoradh ar na ráthaíochtaí iasachta a thugann an CEI d'institiúidí iasachtaithe eile, cuirfear cistí ar fáil le cabhrú le réimse mór cuideachtaí nuathionscanta agus gnólaíochtaí beaga. Mar chuid de REPowerEU, cuirfidh an CEI luach €3 billiún d'infheistíocht chothromais ar fáil idir 2023 agus 2027 d'institiúidí airgeadais ar son éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus nuálaíocht ghlas.

Taobh amuigh den Eoraip, cabhróidh BEI Domhanda le tuilleadh réigiún leictreachas glasa a tháirgeadh, uisce glan a sholáthar, gléasraí sláintíochta nua-aimseartha a thógáil, soláthairtí cúraim sláinte a fheabhsú agus stop a chur le scaipeadh galar tógálach. Díreoidh ar mhaoiniú méadaithe a fháil i gcomhair an ghníomhaithe ar son na haeráide san Áise agus i Meiriceá Laidineach.

Cuirfimid lenár seirbhísí comhairleacha d'fhonn cúnamh teicniúil níos leithne a chur ar fáil agus, ar an gcaoi sin, dlús a chur le hinfeistíochtaí i dtionscadail tosaíochta. Beidh seirbhísí comhairleacha dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ar chur chun feidhme Threochlár an Bhainc Aeráide. Leagtar amach sa treochlár sin ar ár spriocanna aeráide ó 2021 go 2025. Chun cur leis na gealltanais aeráide sin, ní mór dúinn glacadh le níos mó riosca agus tionscadail atá níos sofaisticiúla ó thaobh na teicneolaíochta de a mhaoiniú, rudaí a chuirfidh ar ár gcumas tionchar ár gcuid oibre a mhéadú.

Léigh an Plean Oibriúcháin iomlán i gcomhair 2023-2025 ag [www.eib.org/en/publications](http://www.eib.org/en/publications)

## CÚRSAÍ RIALACHAIS

---

Is éard atá sa BEI ná comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach do na Ballstáit, agus banc a chloíonn leis an dea-chleachtas baincéireachta is infheidhme ó thaobh cinnteoireachta, bainistíochta agus rialuithe de.

Tá **an Bord Gobharnóirí** comhdhéanta d'airí rialtais, Airí Airgeadais de ghnáth, ó gach ceann de na 27 Ballstát. Is iad na gobharnóirí a leagann síos na treoirlínte maidir le beartas creidmheasa an Bhainc agus a dhéanann formheas ar na cuntais bhliantúla uair sa bhliain. Déanann siadsan na cinntí faoi mhéaduithe caipitil agus faoi rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí maoinithe taobh amuigh den Aontas Eorpach. Déanann siad an Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Iniúcháireachta a cheapadh chomh maith.

Is é **an Bord Stiúrthóirí** a dhéanann cinntí ar iasachtaí, cláir iasachta agus ábhair eile a bhaineann le cúrsaí maoinithe. Tagann na stiúrthóirí le chéile deich n-uaire sa bhliain lena chinntiú go mbíonn an Banc á rith de réir chonarthaí an Aontais Eorpaigh, reacht an Bhainc féin, agus treoracha ginearálta arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí. Is ann do 28 stiúrthóir, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach. Is ann do 31 stiúrthóir malartach chomh maith. Chun cur le saineolas gairmiúil an Bhoird Stiúrthóirí, féadtar seisear saineolaithe a chomhthoghadh chun bheith páirteach i gcruinnithe an bhoird mar chomhairleoirí gan ceart vótála. Is trí thromlach a ionadaíonn nach lú ná 50% de chaipiteal suibscríofa na mBallstát agus aon trian de na comhaltaí boird a bhfuil ceart vótála acu a dhéantar cinntí, mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht. Déanann an t-uachtarán cathaoirleacht ar an mbord, ach gan ceart vótála a bheith aige nó aici.

Is é **an Coiste Bainistíochta** an comhlacht cinnteoireachta ar an láthair. Déanann sé maoirseacht ar reáchtáil an Bhainc ó lá go lá, ullmhaíonn cinntí don Bhord Stiúrthóirí agus déanann cinnte de go gcuirtear na cinntí sin chun feidhme. Tagann comhaltaí an choiste sin le chéile uair sa tseachtain. Bíonn an Coiste Bainistíochta ag obair faoi údarás an uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhoird Stiúrthóirí. Is iad leasuachtaráin an BEI an t-ochtair comhaltaí eile. Maireann téarma in-athnuaite na gcomhaltaí suas le sé bliana agus níl siad freagrach ach don Bhanc amháin.

Tá **Coiste Iniúcháireachta** neamhspleách ag an mBanc, agus é freagrach go díreach don Bhord Gobharnóirí. Tá sé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an BEI agus an Ghrúpa BEI, as a dheimhniú gach bliain go mbíonn oibríochtaí an BEI á seoladh — agus na leabhair á gcoinneáil — ar bhealach ceart, agus as a dheimhniú go mbíonn gníomhaíochtaí an Bhainc ag teacht leis an dea-chleachtas baincéireachta. Cuirtear tuairisc bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta don bhliain airgeadais, i dteannta fhreagra an Choiste Bainistíochta uirthi, faoi bhráid an Bhoird Gobharnóirí. Seisear comhaltaí a bhíonn ar an gCoiste Iniúcháireachta agus maireann a dtéarma neamh-inathnuaite sé bliana airgeadais as a chéile.

**Is é an Banc Eorpach Infheistíochta banc aeráide an Aontais Eorpaigh.  
Tuilleadh eolais maidir lenár n-obair ar son na haeráide:  
Aeráid agus inbhuanaitheacht chomhshaoil ([www.eib.org/climate](http://www.eib.org/climate))**


**Seasann an Banc Eorpach Infheistíochta gualainn ar ghualainn leis an Úcráin.  
Tuilleadh eolais:  
Seasann an BEI gualainn ar ghualainn leis an Úcráin  
([www.eib.org/standwithUkraine](http://www.eib.org/standwithUkraine))**

**Déanann ár dtionscadail difear i ngach earnáil den gheilleagar domhanda.  
Na mionsonraí ar fad:  
Gach tionscadal - maoiniú agus tionchar domhanda ar fud na cruinne  
([www.eib.org/projects/all](http://www.eib.org/projects/all))**



# EORAIP SHLÁN

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2022



An Banc Eorpach  
Infheistíochta

pdf: ISBN 978-92-861-5411-9

GA 03/2023